RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2247 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2022

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ("an bun-Rialachán") ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 24 Meán Fómhair 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch ("ECCS") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") agus na Brasaíle ("na tíortha lena mbaineann" i dteannta a chéile) ar bhonn Airteagal 5 ("an bun-Rialachán"). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne an Comhlachas Eorpach Cruach ("EUROFER") ("an gearánach") an 13 Lúnasa 2021. Sa ghearán bhí fianaise maidir le dumpáil agus le díobháil ábhartha dá dheasca sin, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(3) Rinneadh an gearán thar ceann na dtáirgeoirí seo a leanas de chuid an Aontais: ArcelorMittal Atlantique et Lorraine (an Fhrainc), ArcelorMittal Etxebarri S.A. (an Spáinn) agus ThyssenKrupp Rasselstein GmbH (an Ghearmáin), arb ionann é agus 100 % de thionscal an Aontais. Le linn an imscrúdaithe, tháinig sé ar aird an Choimisiúin gurb ann do tháirgeoir breise de chuid an Aontais ar ECCS, eadhon Acciaierie d'Italia. Ós rud é, mar sin féin, gurb ionann na gearánaigh agus [85-95] % de tháirgeadh agus de dhíolachán thionscal an Aontais, mheas tionscal an Aontais an gearán a bheith déanta ag tionscal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

1.2. Páirtithe leasmhara

(4) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú, mar aon le táirgeoirí aitheanta ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus na húdaráis i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Bhrasaíl, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí aitheanta, trádálaithe, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

1.3. Bearta sealadacha

(5) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 25 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna sealadacha beartaithe ar fáil do pháirtithe agus mionsonraí maidir le ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach atá leormhaith chun an díobháil do thionscal an Aontais a bhaint ceithre seachtaine roimh dleachtanna sealadacha a fhorchur ("tréimhse an réamhnochta"). Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de thrí lá oibre. Mar a míníodh in aithrisí (29) go dtí (34) den Rialachán sealadach, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú faoi Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní raibh allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann faoi réir cláraithe le linn na tréimhse réamhnochta.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch (ECCS) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle, (IO C 387, 24.9.2021, lch. 2).

(6) Fuair an Coimisiún barúlacha ó Baoshan Iron & Steel Co., Ltd ("Baosteel"), Handan Jintai Packing Materials Co., Ltd ("Jintai"), agus CANPACK. Ceartaíodh earráid chléireachais de thoradh aighneacht a chuir Baosteel isteach. Bhain tráchtanna de chuid Jintai le hAirteagal 7(2a) den Bhun-Rialachán agus dá bhrí sin níor bhain siad le cruinneas na ríomhanna. Dá bhrí sin measadh iad tar éis nochtadh na mbeart sealadach agus tugtar aghaidh orthu i Roinn 3.1 thíos. Cionn is gur bhain na tráchtanna de chuid CANPACK le leas an Aontais, tugadh aghaidh orthu i Roinn 7 thíos.

(7) An 23 Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 lena bhforchuirtear dleachta frithdhumpála sealadacha ar allmhairí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle iad ([3]) ("an Rialachán sealadach").

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(8) Tar éis foilsiú na bhfíoras fíor-riachtanach agus na gceisteanna fíor-riachtanacha ar forchuireadh dleachtanna sealadacha frithdhumpála ("an nochta shealadaigh") ar a mbonn, chuir Eurofer (gearánach), Eviosys (úsáideoir Aontais), CANPACK, mar ionadaí ar CANPACK an tSlóvaic s.r.o., Can-Pack Food and Industrial Packaging Sp. z o.o. agus Tapon France S.A.S. (úsáideoirí Aontais), Astir Vitogiannis Bros Single Member S.A. ("Astir Vitogiannis") (Úsáideoir Aontais), Baosteel (táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín), Jintai (táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín), Companhia Siderurgica Nacional ("CSN") (táirgeoir onnmhairiúcháin ón mBrasaíl), Cumann Iarainn agus Cruach na Síne ("CISA"), Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") agus Rialtas na Brasaíle ("GOB") aighneachtaí scríofa isteach lena léirítear a gcuid tuairimí ar na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am a fhoráiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach.

(9) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí le Baosteel, CISA agus Astir Vitogiannis.

(10) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach le haghaidh na dtorthaí deiridh. Nuair a bhí na torthaí cinntitheacha á gcnuasach ag an gCoimisiún, sin é an uair a mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach, agus sin é an uair a rinne sé athbhreithniú ar a chuid conclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(11) An 31 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ina leith a bhí sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle iad ("nochtadh deiridh"). Ceadaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

(12) I ndiaidh barúlacha ó pháirtithe leasmhara, chuir an Coimisiún, an 16 Meán Fómhair 2022, páirtithe leasmhara ar an eolas faoi roinnt soiléirithe agus mioncheartúchán sa nochtadh deiridh nach raibh, áfach, tionchar acu ar na dleachtanna cinntitheacha. Tugadh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt. Níor thug ach CISA barúlacha.

(13) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht chomh maith. Reáchtáladh éisteachtaí freisin le CISA, Baosteel, Eviosys agus Eurofer.

1.5. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(14) Mar a míníodh in aithrisí (6) agus (7) den Rialachán sealadach, chuir Cumann Iarainn agus Cruach na Síne ("CISA") barúlacha faoi bhráid an Choimisiúin i ndiaidh an tionscnaimh ag maíomh gur bhraith an gearán an iomarca ar fhaisnéis rúnda agus nár leor an leagan neamhrúnda chun tuiscint cheart a fháil ar an bhfianaise is bonn leis an ngearán. Chuir CISA an maíomh sin in iúl arís i ndiaidh fhorchur na mbeart sealadach.

(15) Dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid in aithris (8) den Rialachán sealadach go raibh an fhianaise bhunriachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda ar fad ar na sonraí rúnda ar fad sa leagan neamhrúnda den ghearán atá ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara lena cheadú do pháirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú i gceart, agus dá bhrí sin dhiúltaigh siad don mhaíomh.

([3]) IO L 143 an 23.5.2022, lch. 11.

1.6. **Sampláil**

(16) In éagmais barúlacha maidir le sampláil táirgeoirí de chuid an Aontais, táirgeoirí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, deimhnítear aithrisí (9) go (17) den Rialachán sealadach.

1.7. **Scrúdú aonair**

(17) Mar a mhínítear in aithris (18) den Rialachán sealadach, d'iarr táirgeoir onnmhairithe sa tSín (GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd.) scrúdú aonair faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán agus chuir siad freagra ceistneora ar fáil laistigh den sprioc-am. Cuireadh an iarraidh seo in iúl arís tar éis an nochta deiridh. Shuigh an Coimisiún go sealadach go mbeadh ualach míchuí ag baint le scrúdú an iarrata seo agus nach mbeifí in ann an t-imscrúdú a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama a bhunaítear sa bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún i gcuimhne gur chuir sé teorainn lena shampla de dhá chuideachta arb ionann iad agus méid is mó na n-allmhairí ón tSín a d'fhéadfadh a scrúdú laistigh den am a bhí ar fáil. Chuaigh an dá chuideachta go hiomlán i gcomhar, lena n-áirítear scrúdú agus fíorú (trí chros-seiceálacha ó chian nó "RCCanna") faisnéise a chuir roinnt eintitis ghaolmhara sa tSín agus san Aontas araon ar fáil a choinnigh an Coimisiún amach ó GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd. a scrúdú go haonarach ar bharr na gcuideachtaí sampláilte. D'fhan an chonclúid seo bailí le linn na tréimhse cinntithí freisin. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chinneadh gan aon iarraidh ar scrúdú aonair a cheadú don chuideachta seo.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíoraithe**

(18) Mar a leagtar amach in aithrisí (19) agus (21) den Rialachán sealadach, sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir de chuid an Aontais, chuig an ngearánach, chuig allmhaireoir neamhghaolmhar amháin agus chuig úsáideoirí aitheanta, agus chuig trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sna tíortha lena mbaineann. Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán chomh maith le baint a bheith acu le saobhadh amhábhar sa tSín i dtaca leis an táirge faoi imscrúdú.

(19) I dteannta na RCCanna a luadh in aithris (23) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún cuairt fíoraithe breise ag an úsáideoir de chuid an Aontais a leanas:

— Eviosys, Páras (an Fhrainc)

1.9. **Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(20) Faoi mar a thugtar le fios in aithris (24) den Rialachán sealadach, chumhdaigh an t-imscrúdú dumpáil agus díobháil le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021 ("an tréimhse imscrúdúcháin" nó "IP"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge lena mbaineann**

(21) Chuir an Coimisiún i gcuimhne gurb, mar a leagtar amach in aithris (25) den bhun-Rialachán, is éard atá sa táirge lena mbaineann táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le hocsaídí cróimiam, sin nó le cróimiam agus ocsaídí cróimiam, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle, atá faoi chuimsiú chóid AC 7210 50 00 agus 7212 50 20 ('an táirge lena mbaineann').

(22) Úsáidtear ECCS i réimse leathan feidhmeanna, le haghaidh pacáistiú tomhaltóirí agus tionsclaíoch de ghnáth. Is minice a úsáidtear é le haghaidh pacáistiú bia, mar shampla i mbairr agus bun, caipíní scriú agus lug, cluaisíní etc. I measc cineálacha eile úsáidí tá páirteanna seachtracha d'fhearais bhaile, cásanna scannán grianghrafadóireachta, ábhar cosanta le haghaidh snáithíní optúla a chosaint nó páirteanna leictreacha agus leictreonacha eile.

2.2. **An táirge comhchosúil**

(23) In éagmais aon mhaíomh ná barúil ghaolmhar, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (27) agus (28) den Rialachán sealadach.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An tSín**

(24) Tar éis an nochta shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, CISA, agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir leis na torthaí sealadacha dumpála.

3.1.1. *Gnáthluach*

(25) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (42) go (109) den Rialachán sealadach.

3.1.2. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(26) Tar éis an nochta shealadaigh, thug CISA agus Rialtas na Síne barúil ar chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san imscrúdú atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, d'fhormhuinigh Baosteel barúlacha CISA.

Argóintí a bhaineann leis an tuarascáil ([4])

(27) D'áitigh Rialtas na Síne go bhfuil an Tuarascáil lochtach go fíorasach agus de réir dlí agus nach bhfuil bunús le cinntí atá bunaithe uirthi. Ó thaobh na bhfíoras de, de réir Rialtas na Síne, tá mífhaisnéis sa Tuarascáil agus tá sí leataobhach agus scoite amach ón bhfírinne. Thairis sin, tá an fíoras gur eisigh an Coimisiún tuarascálacha tíre le haghaidh roinnt tíortha roghnaithe áirithe ina ábhar imní maidir le cóir an náisiúin barrfhabhair ("MFN"). Thairis sin, dar le Rialtas na Síne, níl sé i gcomhréir le spiorad an dlí chothroim chóir é go mbraithfeadh an Coimisiún ar an bhfianaise sa Tuarascáil, toisc go gcuireann sé buntáistí míchuí ar fáil do thionscal an Aontais agus toisc gurb ionann é sin go héifeachtach agus breithiúnas a thabhairt ar an gcás roimh an triail.

(28) Mar an gcéanna, d'áitigh CISA gur bhraith an Coimisiún an iomarca ar an Tuarascáil, atá leataobhach, neamhréadach, as dáta, agus a fhágann gnéithe fhíorasacha ar lár d'aon ghnó chun na gearáin bunaithe ar chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a thaisceadh, de réir thuairim CISA. Thairis sin, d'easaontaigh CISA le freagra an Choimisiúin i Roinn 3.1.3. den Rialachán sealadach, ina ndearna an Coimisiún an argóint go raibh an deis ag Rialtas na Síne chomh maith le páirtithe eile faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin leis na foinsí a bhí sa Tuarascáil a bhréagnú trí shonrú go bhfuil an dualgas cruthúnais sa chás seo leis an údarás imscrúdaithe in ionad na n-onnmhaireoirí tríú tír. Ina theannta sin, chuir CISA i dtábhacht nár bhain an Tuarascáil leis an tionscal ECCS ach gur doiciméad ginearálta é a úsáideann an Coimisiún le haghaidh imscrúduithe ilchineálacha go neamh-idirdhealaitheach. Thairis sin, d'áitigh CISA nach bhfuil sna Pleananna Cúig Bliana ("FYP") a ndéanann an Coimisiún tagairt dóibh ina imscrúdú chun a chruthú go bhfuil saobhadh suntasach ann ach doiciméid threoracha lena gcuirtear tuairimí beartais in iúl don todhchaí, cosúil le doiciméid den sórt sin a fhoilsítear san Aontas Eorpach freisin, agus nach bhfuil éifeacht saofa acu dá bhrí sin. Ar deireadh, d'áitigh CISA nach gcumhdaíonn an 13[th] FYP dá dtagraítear sa Tuarascáil ach an tréimhse go dtí 2020, agus go gciallaíonn sin nach raibh sé ábhartha don dara cuid den tréimhse imscrúdúcháin.

(29) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Tugadh aghaidh ar na hargóintí sin a bheag nó a mhór sa Rialachán sealadach agus dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí ó aithrisí (68) go (70) den Rialachán sealadach dá bhrí sin. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún féachaint conas, mar shampla, is féidir le tagairt a dhéanamh ar reachtaíocht na Síne atá i bhfeidhm a bheith as teagmháil le réaltacht. Mar an gcéanna, mhaígh CISA go bhfágann an Coimisiún cúinsí, gnéithe agus conclúidí fíorasacha ar lár a rachadh in aghaidh chuspóir na Tuarascála, gan na cúinsí fíorasacha sonracha a chuirfeadh i gceist saobhadh suntasach a bheith ann de réir chiall Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur in iúl. Maidir leis an dualgas cruthúnais, mar gheall ar an Tuarascáil chomh maith leis an bhfianaise eile a cuireadh ar aghaidh, shásaigh an Coimisiún a dhualgas cruthúnais, agus níorbh fhéidir le CISA ná páirtithe leasmhara eile an fhianaise a cuireadh ar aghaidh a bhréagnú. Chuir an Coimisiún i dtábhacht arís nach ionann na FYPanna a fhoilsíonn Rialtas na Síne agus doiciméid treoraíochta ginearálta amháin, ach go bhfuil siad de chineál ceangailteach ó thaobh dlí de. Maidir leis sin, rinne an Coimisiún tagairt ar ais chuig mionanailís na bpleananna i gCaibidil 4 den Tuarascáil, le roinn ar leith tiomnaithe go sonrach ar chineál ceangailteach na bpleananna in Roinn 4.3.1.

([4]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2.

(30) I ndáil leis an maíomh go raibh an 13ú FYP neamhábhartha le haghaidh an dara cuid de na tréimhse imscrúdúcháin (1 Eanáir – 30 Meitheamh 2021), dúirt an Coimisiún arís, mar a cuireadh in iúl cheana féin in aithris (69) den Rialachán sealadach, nár cuireadh tús leis na 14ú FYPanna a fhoilsiú ach i rith 2021. Mar shampla, foilsíodh an 14ú FYP Ginearálta an 12 Márta, an 14ú FYP ar Dhramhchruach an 15 Meán Fómhair agus an 14ú FYP ar Amhábhair a Fhorbairt an 21 Nollaig 2021. Thug an Coimisiún dá aire le linn na tréimhse idir an dáta chur i bhfeidhm an 13ú FYP agus foilsiú an 14ú FYP, bhí forálacha an 13ú FYP fós infheidhme. In aon teagmhas, gan beann ar cathain go díreach a foilsíodh 14ú FYP aonair, léiríonn an fíoras go raibh an 13ú FYP infheidhme le linn an chéad leath de na tréimhse imscrúdúcháin gurb ann go táscach do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh sin.

(31) Ar nochtadh deiridh, chuir Rialtas na Síne a mhaímh maidir leis an Tuarascáil isteach arís, gan aon ghné bhreise a chur lena argóint. Thug an Coimisiún dá aire dá bhrí sin gur tugadh aghaidh ar na maímh sin in aithrisí (68) go (70) den Rialachán sealadach, chomh maith le aithris (29) thuas.

(32) Mar an gcéanna, cháin CISA an Tuarascáil arís i ndiaidh an nochta deiridh, ag cur a bharúil in iúl go dteipeann ar an Tuarascáil caighdeáin na fianaise neamhchlaonta agus réadaí a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léirigh CISA saincheist an 13ú FYP arís, ag cur in iúl, ar thaobh amháin, nár cheart an plean a mheas mar dhlí ceangailteach ach mar dhoiciméad beartais ghinearálta, atá ann dá leithéid san Aontas freisin, agus, ar an taobh amháin eile, go bhfuil leathchuid den tréimhse imscrúdúcháin (IP) lasmuigh den tréimhse atá cumhdaithe ag an 13ú FYP. I dtaca leis sin, thug CISA cuireadh don Choimisiún míniú conas is féidir ábhar an 13ú FYP a mheas mar fhianaise ar shaobhadh suntasach i ndiaidh dá chur i bhfeidhm a dhul in éag.

(33) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ar dtús, mar a léiríodh cheana féin in aithris (29) thuas, oibríonn an tSín timthriall pleanála tréimhsiúil cúig bliana. Sa timthriall sin, tá doiciméid phleanála aonair don timthriall atá le teacht á n-ullmhú cheana féin le linn an chinn roimhe agus, an tráth céanna, féadfar doiciméid phleanála aonair den timthriall atá le teacht a eisiúint go foirmiúil le giota moille i ndiaidh do na doiciméid phleanála chomhfhreagracha ón timthriall roimhe a dhul in éag. Ní féidir an fíoras go bhféadfadh dáta deiridh fhoirmiúil an 13ú FYP a bheith i lár an IP nó gur foilsíodh na 14ú FYP le bearna ama áirithe tar éis dheireadh na tréimhse pleanála roimhe cineál chóras pleanála na Síne a athrú, ar córas é ina mbíonn na húdaráis agus na hoibreoirí gnó mar pháirt den timthriall pleanála i gcónaí. D'easaontaigh an Coimisiún leis an argóint de chuid CISA freisin nach raibh i gceist leis an 13ú FYP ach doiciméad beartais ghinearálta maidir le tosaíochtaí infheistíochta poiblí. I dtús báire, níor thug CISA aon argóint ag cur amhrais ar anailís an Choimisiúin in Roinn 4.3.1. den Tuarascáil, dá dtagraítear in aithris (29) thuas. Thairis sin, tá an chomparáid a dhéanann CISA idir an "Straitéis Thionsclaíoch Nua" de chuid an Choimisiúin agus an 13ú FYP míchuí ar roinnt leibhéal, amhail típeolaíocht na ndoiciméad (cumarsáid ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig institiúidí eile an Aontais i gcomparáid le doiciméad ar ghlac an chomhlacht reachtach is airde sa tSín i ndáiríre) chomh maith lena gcineál agus lena mbunábhar (doiciméad mínithe lena dtugtar achoimre ar thosaíochtaí beartais i gcomparáid le treoraíocht rúrach lán de spriocanna aschuir thionsclaíoch agus oibleagáidí soiléire cur chun feidhme le haghaidh gach ábhar lena mbaineann).

(34) Dá dheasca sin, diúltaíodh do na hargóintí a thug Rialtas na Síne agus CISA agus dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí in aithrisí (68) go (70) den Rialachán sealadach.

Argóintí maidir le comhoiriúnacht na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) Airteagal 2(6a) den bhun-Rialacháin

(35) Ar an gcéad dul síos, rinne Rialtas na Síne, chomh maith le CISA an argóint go bhfuil sé ar neamhréir leis an gComhaontú Frithdhumpála ("ADA") de chuid EDT an gnáthluach a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, go háirithe le hAirteagal 2.2 den ADA lena soláthraítear liosta iomlán de chásanna inar féidir leis an ngnáthluach a thógáil, gan an "saobhadh suntasach" a bheith liostaithe i measc cásanna den sórt sin.

(36) Ar an dara dul síos, tá úsáid sonraí ó thír ionadaíoch iomchuí, de réir Rialtas na Síne, ar neamhréir le hAirteagal VI.1 (b) den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ("CGTT") agus Airteagal 2.2.1.1. den Chomhaontú Frithdhumpála, lena gceanglaítear costas táirgthe sa tír thionscnaimh a úsáid agus an gnáthluach á ríomh. I mbarúil CISA, rinne an Coimisiún neamhaird ar an toradh ón mBuanchomhlacht Achomhairc san Aontas Eorpach – Bearta Frithdhumpála ar Bhithdhíosal ón Airgintín ("DS473") nach gciallaíonn an úsáid cheadmhach sonraí ón bhfoinse lasmuigh den tír is onnmhaireoir "*go bhféadfaidh le húdarás imscrúdaithe an costas ó lasmuigh den tír thionscnaimh a chur in ionad an chostas táirgthe sa tír thionscnaimh*." Mheabhraigh CISA freisin gur de réir na Buanchomhlachta Achomhairc in DS473, le linn a bheith ag braith ar aon fhaisnéis lasmuigh den tír chun "*costas táirgthe sa tír thionscnaimh*" a mheas faoi Airteagal 2.2 den ADA, ní mór d'údarás imscrúdaithe cinntiú go n-úsáidtear faisnéis den

sórt sin le teacht ar an"*costas táirgthe sa tír thionscnaimh*" agus féadfaidh go n-éilítear é seo go gcuirfidh an t-údarás imscrúdaithe an fhaisnéis sin in oiriúint. Dar le CISA áfach, níor thaispeáin aon taifead go bhfuil iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún chun na sonraí ón tír ionadaíoch iomchuí a oiriúnú chun teacht ar an gcostas táirgthe sa tSín. Is cosúil i mbarúil CISA go bhfuil sé seo ar neamhréir le hoibleagáid an Aontais faoi Airteagal 2.2 den ADA.

(37) Ar an tríú dul síos, mhaígh Rialtas na Síne agus CISA nach bhfuil cleachtais imscrúdaithe an Choimisiúin faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le rialuithe EDT a mhéid a rinne an Coimisiún, de shárú ar Airteagal 2.2.1.1. ADA, neamhaird do thaifid ó tháirgeoirí de chuid na Síne gan a chinneadh cibé acu a bhfuil na taifid sin i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta sa tSín nó nach bhfuil agus cibé acu a léiríonn siad na costais atá bainteach leis an táirgeadh agus díolacháin. Mhaígh CISA ina leith sin gur suíodh go raibh cleachtas an Choimisiúin ar neamhréir le EDT in DS473. Mheabhraigh Rialtas na Síne freisin gur dhearbhaigh an Comhlacht Achomhairc in DS473 agus Tuarascáil an Phainéil san Aontas Eorpach — Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas II (An Rúis) ("DS494") de réir Airteagal 2.2.1.1 ADA, fad agus atá na taifid arna gcoinneáil ag an onnmhaireoir nó ag an táirgeoir faoi imscrúdú comhfhreagrach — laistigh de theorainneacha inghlactha — ar bhealach cruinn agus iontaofa, leis na costais iarbhír uile a thabhaigh an táirgeoir nó an t-onnmhaireoir áirithe le haghaidh an táirge lena mbaineann, gur féidir a mheas go dtugann siad "*léiriú réasúnta ar na costais atá bainteach le táirgeadh agus díol an táirge lena mbaineann*" agus gur cheart don údarás imscrúdaithe na taifid sin a úsáid chun costas táirgthe na dtáirgeoirí faoi imscrúdú a chinneadh.

(38) Maidir leis an gcéad mhaíomh, thug CISA an argóint chéanna cheana féin ina mbarúlacha ar an gCéad Nóta agus thug an Coimisiún aghaidh air go mion in aithris (66) den Rialachán sealadach. Dheimhnigh an Coimisiún a gconclúidí san aithris sin dá bhrí sin.

(39) Maidir leis an dara hargóint, is athrá é ar an maíomh ar tugadh aghaidh air in aithrisí (65) agus (66) den Rialachán sealadach den chuid is mó. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire nuair a chuirtear Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i bhfeidhm, go bhfuil sé faoi cheangal costais neamhshaofa a úsáid i dtír ionadaíoch iomchuí chun a áirithiú nach bhfuil tionchar ag saobhadh ar na costais a chuirtear i bhfeidhm agus go bhfuil siad bunaithe ar shonraí atá ar fáil go héasca. In éagmais aon fhaisnéis shonrach ó CISA lena gcuirfí bunús le tuilleadh coigeartuithe, measadh gur comhlíonadh leis na costais neamhshaofa sa tír ionadaíoch bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil go héasca critéir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithris (66) den Rialachán sealadach agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin.

(40) Maidir leis an tríú hargóint, cé is moite den sheasamh a chur CISA in iúl ina bharúlacha i ndáil leis an gCéad Nóta a thabhairt arís agus cé is moite den mhaíomh go ndéanann an Coimisiún a bhotúin dhlíthiúla a bhunaítear in DS473 arís agus arís eile, tá an argóint den chineál céanna leis an gceann a pléadh cheana in aithrisí (66) agus (67) den Rialachán sealadach de réir dealraimh. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin, dá bhrí sin, agus dheimhnigh sé a thorthaí sealadacha.

(41) Ar an nochtadh deiridh, chuir Rialtas na Síne a mhaíomh maidir le comhoiriúnacht Airteagal 2(6a) an bhun-Rialacháin do rialacha EDT isteach arís, chomh maith lena mhaíomh maidir le cleachtais imscrúdúcháin an Choimisiúin faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i ndáil le húsáid thaifid na dtáirgeoirí de chuid na Síne, gan aon ghné bhreise eile a chur leis an áitiú sin. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún dá aire gur tugadh aghaidh ar na maímh sin in aithrisí (65) go (67) den Rialachán sealadach, agus in aithrisí (35) go (37) thuas. Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí sin freisin, dá bhrí sin, agus dheimhnigh sé a thorthaí sealadacha.

Argóintí eile maidir le saobhadh suntasach

(42) D'áitigh Rialtas na Síne gur cheart don Choimisiún a bheith comhsheasmhach agus scrúdú iomlán a dhéanamh ar cibé acu a bhfuil saobhadh suntasach, dá ngairtear, sa tír ionadaíoch nó nach bhfuil. Is ionann glacadh le sonraí na tíre ionadaíche go héasca gan meastóireacht den sórt sin agus "caighdeáin dhúbailte". Thug Rialtas na Síne le fios go gceanglaítear ar an gCoimisiún faoi dhlí an Aontais praghsanna neamhshaofa a úsáid chun an gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, dar le Rialtas na Síne, imscrúdú a dhéanamh agus fianaise a thabhairt gurb ann nó nach ann do shaobhadh sna tíortha ionadaíocha, seachas fanacht go héighníomhach ar na páirtithe a bhaineann leis an gcás fianaise a chur isteach. D'áitigh Rialtas na Síne freisin gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil saobhadh margaidh i margadh inmheánach an Aontais, go háirithe toisc gurb ann do go leor cásanna líomhnaithe laistigh den Aontas ar cheart dóibh a bheith ina n-údair imní maidir le féidearthacht "saobhadh margaidh".

(43) Chuir Rialtas na Síne na maímh sin isteach arís tar éis an nochta chinnte, lenar athdhearbhaigh sé a sheasamh nár cheart rialú riachtanach oibríochta eacnamaíche a mheas mar shaobhadh margaidh ná nár cheart é a mheas mar bhonn chun an corrlach dumpála i ndáil le táirgí allmhairithe a ardú go saorga gan measúnú a dhéanamh ar thionchar iompraíochtaí comhchosúla ar chostais táirgthe laistigh den mhargadh inmheánach.

(44) Thug CISA le fios gur cheart an measúnú ar shaobhadh suntasach a dhéanamh i gcás gach onnmhaireora ar leithligh de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, rud nach ndearnadh san imscrúdú reatha.

(45) Maidir le hargóintí Rialtas na Síne, mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, nach leanann sé leis an ngnáthluach a ríomh ar bhonn sonraí roghnaithe seachas praghsanna agus costais intíre sa tír is onnmhaireoir ach amháin i gcás ina suíonn sé gurb iad na sonraí sin is iomchuí chun praghsanna agus costais neamhshaofa a léiriú. Sa phróiseas sin, tá an Coimisiún faoi cheangal gan ach sonraí neamhshaofa amháin a úsáid. Ina leith sin, is fada ó bheith ag fanacht go héighníomhach a bhíonn an Coimisiún a dhéanann a anailís féin agus a iarrann ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí atá beartaithe chun an gnáthluach a chinneadh i gcéimeanna tosaigh an imscrúdaithe, eadhon trí na nótaí a ghabhann leis na foinsí neamhshaofa a bhfuil sé i gceist aige a úsáid go luath sa nós imeachta. Cuirtear na barúlacha uile a fhaightear ó na páirtithe san áireamh ina n-iomláine sa chinneadh deiridh ón gCoimisiún maidir leis na sonraí neamhshaofa ba cheart a úsáid chun an gnáthluach a ríomh. Maidir le hiarraidh Rialtas na Síne go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht ar shaobhadh féideartha i margadh inmheánach an Aontais Eorpaigh, níor léir don Choimisiún go mbaineann an pointe sin le hábhar i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar shaobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(46) Pléadh agus diúltaíodh don argóint ó CISA cheana féin in aithrisí (71) agus (72) den Rialachán sealadach. Thug an Coimisiún dá aire go ndealraíonn sé nár léigh CISA ach an chéad abairt d'aithris (72) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún tagairt don dara habairt den aithris sin agus don anailís is bunús léi i Roinn 3.1.3. den Rialachán sealadach. In éagmais aon argóint bhreise ó na páirtithe leasmhara, dheimhnigh an Coimisiún go cinntitheach, dá bhrí sin, a thorthaí sna haithrisí réamhluaite den Rialachán sealadach.

3.1.3. *Tír ionadaíoch*

(47) Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara a d'fhill ar oiriúnacht na Brasaíle mar thír ionadaíoch agus ar CSN mar tháirgeoirí sa tír ionadaíoch. Deimhníodh conclúid aithris (87) den Rialachán sealadach dá bhrí sin.

3.1.4. *Tagarmharcanna a úsáideadh chun an gnáthluach a shuí*

(48) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin shealadaigh, thug CISA agus Baosteel barúlacha maidir le roinnt de na praghsanna tagarmhairc agus mhaígh siad gur cheart praghsanna tagarmhairc níos ionadaí a úsáid.

(49) Ar an gcéad dul síos, cheistigh CISA agus Baosteel úsáid phraghsanna cruach intíre na Brasaíle chun na praghsanna tagarmhairc le haghaidh cruach theorollta agus cruach fhuar-rollta a shuí. Dar leis na páirtithe sin, bhí praghsanna sa Bhrasaíl i bhfad níos airde i gcomparáid le tíortha aitheanta táirgthe cruach, amhail an Tuirc agus an India. Dar leosan, rinneadh praghsanna cruach intíre na Brasaíle a shaobhadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí iad a mheas mar thagarmharc ionadaíoch.

(50) Thug an Coimisiún le fios gur roghnaíodh an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch iomchuí i gcomhréir leis na critéir oibiachtúla a shuitear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Maidir le praghsanna chornaí cruach teorollta intíre na Brasaíle ("HRC") agus praghsanna chornaí curach fuar-rollta intíre na Brasaíle ("CRC") a foilsíodh in Metal Bulletin, mheas an Coimisiún go raibh siad iomchuí i ndáil leis sin.

(51) Go háirithe, ní bhfuair an Coimisiún aon léiriú go raibh na praghsanna intíre sin saofa agus go raibh sé míchuí iad a úsáid mar thagarmharcanna. Níor mheas an Coimisiún go raibh bearta ann a cuireadh i bhfeidhm sa Bhrasaíl a d'fhéadfaí a mheas mar bhearta a shaobh praghsanna intíre cornaí cruach, a mhéid a fhág gur cheart iad a chur as an áireamh.

(52) Thug CISA agus Baosteel le fios an líon teoranta táirgeoirí cruach atá sa Bhrasaíl agus an leibhéal íseal iomaíochta dá bharr sin. Thug CISA agus Baosteel le fios gur tháirg trí chuideachta "formhór mór" na cruach fuar-rollta sa Bhrasaíl de réir tuarascála ó Choimisiún Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe (ITC) ([5]). Rinne CISA agus Baosteel cur síos ar roinnt forbairtí i dtionscal cruach fuar-rollta na Brasaíle, a dtugtar achoimre orthu sa tuarascáil chéanna. Áiríodh i measc na bhforbairtí sin athruithe arna ndéanamh ag táirgeoirí cruach na Brasaíle ar oibríochtaí, amhail táirgeadh stoptha, dúnadh agus scoir, tréimhsí díomhaoine sealadacha agus méaduithe le linn na tréimhse 2015 - 2021. Ina theannta sin, laghdaigh an t-olltáirgeadh agus an t-olltomhaltas sa Bhrasaíl idir 2018 agus 2020. Líomhnaítear go ndearna dímheas Real na Brasaíle cúrsaí níos measa freisin. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur líomhaintí ginearálta iad sin ar fad agus nár léirigh siad go ndearna saobhadh difear do phraghsanna intíre.

(53) Maidir leis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil táirgeacht shuntasach táirgí cruach ag an mBrasaíl, go bhfuil sé ar cheann de na 10 dtír is mó táirgthe cruach ar domhan agus go raibh aschur de 36,2 milliún tona d'amhchruach agus 34,8 milliún tona de tháirgí cruach aici in 2021 ([6]). Tá 31 mhonarcha cruach arna reáchtáil ag 12 ghrúpa gnó sa Bhrasaíl ([7]). Ní féidir, dá bhrí sin, margadh ina bhfuil trí phríomh-iomaitheoir, mar a shonraítear i dtuarascáil ITC, chomh maith le roinnt rannpháirtithe tánaisteacha, a mheas mar mhargadh neamh-iomaíoch, gan fianaise shonrach a dtugtar le fios nach bhfeidhmíonn an margadh sin i gceart. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh leis an líomhain go raibh praghsanna na Brasaíle saofa mar gheall ar chomhdhlúthacht ard agus iomaíocht theoranta. Ar aon chuma, fiú dá mbeadh struchtúr mhargadh na Brasaíle mar a líomhnaítear ina mhargadh atá comhdhlúthaithe, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a mheas gur "saobhadh" de réir chiall Airteagal 2(6a) é an leibhéal líomhnaithe comhdhlúthachta ar an margadh as féin. Ní raibh aon fhianaise ann go raibh praghsanna intíre mar a bhí de bharr threoir nó idirghabháil an Stáit le gnáthfhórsaí margaidh. A mhalairt ar fad, tugann an fhianaise le fios go bhfuil margadh iomaíoch ann agus níor bréagnaíodh leis na forbairtí le déanaí i dtionscal cruach fuar-rollta na Brasaíle a thuairiscítear in aithris (52) an toradh sin. Fágann sé sin go bhfuil margadh cruach na Brasaíle agus a phraghsanna ionadaíoch, agus go bhfuil cosaint pháirteach acu ar éifeacht na luaineachtaí airgeadra ar a laghad.

(54) Luaigh CISA agus Baosteel freisin gur saobhadh praghais eile a bhí ann toisc gurb ann do tharaifí allmhairiúcháin de 12 % ar HRC agus CRC. Mheas an Coimisiún nárbh fhéidir a shuí toisc gurb ann do tharaifí allmhairiúcháin gur saobhadh praghsanna intíre agus go gcuireann formhór na dtíortha leibhéal éigin taraifí allmhairiúcháin i bhfeidhm. Thairis sin, mar a leagtar amach in aithris (55), ar feadh cuid mhór den bhliain chloígh praghsanna na Brasaíle le praghsanna margaí eile a bhí ag teacht chun cinn agus, dá bhrí sin, ní raibh aon fhianaise ann maidir le saobhadh struchtúrach nó sistéamach.

(55) Rinne CISA agus Baosteel tagairt freisin d'éagothroime ar mhargadh cruach cothromrollta na Brasaíle in 2020 as ar eascair méadú ar phraghsanna. Chonacthas an méadú sin ar phraghsanna ar fud an domhain, áfach. De réir ECFE ([8]), in Eanáir 2021, bhí praghsanna i gcomhair cruach chomhréidh 47 % níos airde ná praghsanna na bliana roimhe sin. Thairis sin, de réir na sonraí praghsanna arna gcur isteach ag CISA agus Baosteel, lean praghsanna na Brasaíle na praghsanna i ngeilleagair tíortha eile i mbéal forbartha den chuid is mó, ach amháin sa dá mhí dheireanacha de na tréimhse imscrúdúcháin; ach sa dá mhí sin tháinig ardú ar na praghsanna a bhí comhchosúil leis an ardú san Eoraip. Mar sin de, níor dhealraigh sé go raibh na forbairtí ar phraghsanna sa Bhrasaíl díchúpláilte ó na treochtaí domhanda, a d'fhágfadh nach raibh na praghsanna sin ionadaíoch nó go raibh siad saofa.

(56) Maidir leis an maíomh go raibh praghsanna sa Bhrasaíl i bhfad níos airde i gcomparáid le tíortha aitheanta táirgthe cruach, amhail an Tuirc agus an India, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil bonn cirt leordhóthanach ag difríochtaí simplí praghsanna amhail an difear idir tíortha ionadaíocha féideartha éagsúla chun praghsanna a dhiúltú sa tír ionadaíoch. Is bun tuisceana é go mbíonn difríochtaí praghais agus difríochtaí áitiúla idir roinnt tosca táirgeachta sna tíortha ionadaíocha féideartha éagsúla. Ní léiríonn na difríochtaí praghais réadacha sin iontu féin saobhadh sa tír ionadaíoch a roghnaítear. Más amhlaidh an scéal, bheadh na luachanna is ísle in úsáid go córasach sna tíortha ionadaíocha féideartha uile. Ní bheadh sé sin i gcomhréir le mionsonraí agus le spiorad na bhforálacha in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Seachas sin, measann an Coimisiún go bhfuil sé iomchuí, an oiread agus is féidir (is é sin, saofa ar iarraidh nó cásanna neamhghnácha), úsáid a bhaint as praghsanna intíre sa tír ionadaíoch céanna chun comhleanúnachas a áirithiú, toisc go bhfuil dálaí an mhargaidh mar an gcéanna leis na hionchuir ar fad sa tír sin. Thairis sin, mar a thugtar le fios in aithris (55), go ginearálta lean praghsanna na Brasaíle na

([5]) https://www.usitc.gov/investigations/701731/2021/cold_rolled_steel_flat_products_brazil_china_india/first_review_full.htm
([6]) Brazil Steel Institute (https://acobrasil.org.br/)
([7]) Ibid
([8]) ECFE, Steel market developments, Q2 2021, ar fáil ag: https://www.oecd.org/industry/ind/steel-market-developments-Q2-2021.pdf

praghsanna i ngeilleagar tíortha eile i mbéal forbartha. Níor dhearnadh an t-ardú sa 2 mhí dheireanacha de na tréimhse imscrúdúcháin a dhíchúpláil ón gclaonadh domhanda de méadú ar phraghsanna le linn na tréimhse sin, agus thug an Coimisiún dá aire i gcás ar bith, nach raibh impleachtaí suntasacha ag an ardú praghsanna do ríomh an chorrlaigh dumpála. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(57) Chuir Baosteel i gcoinne an tagarmharc ón GTA a úsáideadh le haghaidh Bhloc Iarainn Te Brúite. D'áitigh Baosteel go raibh réimse leathan táirgí i gcód AC 7326 90 ("airteagail eile maidir le sreang iarainn nó cruach"), a bhfuil an chuid is mó díobh níos daoire ná Bloc Iarainn Te Brúite.

(58) Thug an Coimisiún dá aire go raibh na praghsanna GTA maidir le "Airteagail eile maidir le sreang iarainn nó cruach" ag titim faoi Chód HS 7326 90 ag baint le réimse go hiomlán éagsúil i gcomparáid le praghsanna a bhreathnóidh go ginearálta maidir le bloc iarainn agus dramh-mhiotal a úsáidtear i ndáiríre le haghaidh déanamh cruach ag an gcéim tiontaire bruithnithe (is é sin níos mó ná 30 uaire) agus dá bhrí sin níorbh ionann an luach atá nasctha leis an gcód sin agus an toisc tháirgeachta shonrach sin. Dá bhrí sin, glacadh leis go raibh an tagarmharc a úsáideadh go sealadach míchuí. Shuigh an Coimisiún go raibh bricín iarainn te brúite (nó "HBI") an táirge is giorra do bhloic iarainn te brúite a úsáidtear chun cruach a dhéanamh agus a raibh praghas tagarmhairc ar fáil leis. De réir Metal Bulletin, is 2 464 CNY/tona an praghas ar an meán a bhí ar bhricín iarainn te brúite lena n-áirítear last-táille ([9]) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún é sin a úsáid mar phraghas tagarmhairc go cinntitheach.

(59) Ar an tríú dul síos, chuir Baosteel i gcoinne an tagarmharc ón GTA a úsáideadh le haghaidh "Easbhrúnna Alúmanaim".

(60) Tar éis anailís a dhéanamh ar an táirge iarbhír a d'úsáid Baosteel, chinn sé gurb é iarmhar alúmanaim a úsáidtear sa phróiseas tiontaire agus scagtha seachas "Easbhrúnna Alúmanaim". Mar sin, chinn an Coimisiún praghas GTA d'iarmhar agus dramhaíl alúmanaim ag titim faoi Chód HS don amhábhar sin (7602 00) a chur in ionad an tagarmhairc. Cinneadh an praghas tagarmhairc neamhshaofa ar dhramhaíl alúmanaim ag 15 132 CNY/tona.

(61) Ar deireadh, chuir Baosteel i gcoinne tagarmharc GTA a úsáid ar Phúdar Amhiarainn. Dar le Baosteel, allmhairíodh formhór mór den amhábhar sin ó thíortha a bhfuil geilleagar margaidh acu (an chuid is mó ón Astráil agus ón mBrasaíl) agus in USD. Dá dheasca sin, d'iarr Baosteel ar an gCoimisiún an praghas allmhairiúcháin iarbhír a úsáid arna dtuairisciú ag Baosteel in ionad an phraghais tagarmhairc.

(62) Ina leith sin, thug an Coimisiún dá aire nach mbíonn Baosteel ag allmhairiú go díreach, ach trí chuideachta gaolmhar atá bunaithe in Hong Cong agus nár sholáthair Baosteel fianaise iomchuí leordhóthanach ionas go mbeadh an Coimisiún in ann a thabhairt i gcrích go cinnte nach ndearna an praghas ceannaigh deireanach a bhí ag Baosteel difear don chaidreamh idir na cuideachtaí gaolmhara agus/nó nach ndearna sé difear don saobhadh suntasach reatha sa tSín arna iarraidh sin le hAirteagal 2(6a)(a), an tríú fleasc, den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(63) Dá bhrí sin, d'úsáid an Coimisiún dá chinneadh deiridh maidir leis an ngnáthluach le haghaidh Baosteel na tagarmharcanna mar a leagtar amach in aithrisí (93) go (102) den Rialachán sealadach, cé is moite de dhá amhábhar, mar a mhínítear thuas in aithrisí (58) agus (60).

(64) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha. Leagadh amach an mhodheolaíocht maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (103) go (109) den Rialachán sealadach, in éagmais aon bharúil eile deimhnítear é leis seo.

3.1.5. *An praghas onnmhairiúcháin*

(65) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin in aithrisí (110) agus (111) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil maidir leis an roinn seo, dhearbhaigh an Coimisiún a chuid conclúidí sealadacha.

([9]) Úsáideadh praghas CFR ó chalafoirt na hIodáile. Ba é an t-aon phraghas CFR a bhí ar fáil don táirge sin ar bhunachar sonraí Metal Bulletin.

3.1.6. *Comparáid*

(66) Leagadh amach na mionsonraí maidir leis an gcomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin in aithrisí (112) go (113) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil maidir leis an roinn seo, dhearbhaigh an Coimisiún a chuid conclúidí sealadacha.

3.1.7. *Corrlaigh dhumpála*

(67) In éagmais aon mhaíomh maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun an corrlach dumpála a ríomh, deimhnítear leis seo aithris (114) den Rialachán sealadach. Mar a mhínítear sna haithrisí (116) agus (117) den Rialachán sealadach, do na cuideachtaí comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún meán ualaithe na gcorrlach dumpála atá ag an dá tháirgeoir onnmhairithe samplála. I gcás gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Toisc go raibh an leibhéal comhair sa chás sin íseal, chinn an Coimisiún go raibh sé iomchuí an corrlach dumpála iarmharaigh do gach cuideachta eile a shuí ar leibhéal an chorrlaigh dumpála is airde a fuarthas le haghaidh cineálacha táirgí arna ndíol i gcainníochtaí ionadaíocha ag an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibritheach a bhfuil an corrlach dumpála is airde aige.

(68) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, dleacht gan íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Baoshan Iron & Steel Co., Ltd.	30,7 %
Handan Jintai Packing Material Co., Ltd.	53,9 %
Cuideachtaí comhoibríocha	34,6 %
Gach cuideachta eile	77,9 %

3.2. **An Bhrasaíl**

(69) Tar éis an nochta shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, CSN, maidir leis na torthaí sealadacha dumpála.

3.2.1. *Gnáthluach*

(70) Leagadh amach an mhodheolaíocht maidir le ríomh an ghnáthluacha in aithrisí (119) go (127) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil maidir leis an roinn seo, dhearbhaigh an Coimisiún a chuid conclúidí sealadacha.

3.2.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(71) Leagadh amach na mionsonraí maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin in aithris (128) den Rialachán sealadach. In éagmais aon bharúil maidir leis an roinn seo, dhearbhaigh an Coimisiún a chuid conclúidí sealadacha.

3.2.3. *Comparáid*

(72) Leagadh amach na mionsonraí maidir leis an gcomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin in aithrisí (129) go (130) den Rialachán sealadach.

(73) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin CSN gur leag sé béim ina fhreagra ceistneora gur cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta, gur léirigh sé saincheisteanna den sórt sin ina sonraí díolachán onnmhairí agus intíre agus gur chuir sé tuilleadh léiriú breise ar fáil maidir leis sin le linn na RCCanna. Dá bhrí sin, d'iarr an CSN ar an gCoimisiún na difríochtaí maidir le cáilíocht a chur san áireamh ina ríomhanna dumpála, mar tá tionchar ag difríochtaí den sórt sin ar inchomparáideacht praghsanna.

(74) Mheas an Coimisiún, cé gur chuir CSN faisnéis ar fáil maidir le difríochtaí ó thaobh na cáilíochta de maidir leis an táirge faoi imscrúdú, ní dhearna sé aon mhaíomh maidir le coigeartú ar an mbonn sin ina fhreagra ceistneora, ná le linn na gcros-seiceálacha cianda. I bhfianaise an mhaímh a rinneadh tar an nochta shealadaigh, rinne an Coimisiún athscrúdú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh i ndáil le difríochtaí ó thaobh na cáilíochta de, áfach. Seachas an iarraidh ar mheastachán a dhéanamh ar dhifríochtaí ó thaobh na cáilíochta de, níor chuir CSN aon fhaisnéis bhreise ná sonraí ar fáil tar éis an nochta shealadaigh.

(75) Tá an difríocht ó thaobh cáilíochta den táirge lena mbaineann, sa chás seo cáilíocht ECCS den chéad ghrád agus den dara grád, ann mar gheall ar na saintréithe fisiceacha den táirge. Tá fabhtanna nó lochtanna áirithe ag ECCS den dara grád, a d'fhéadfadh cosc a chur ar úsáid ECCS san feidhm dár táirgeadh é. Mar a mhínigh CSN le linn an phróisis easnaimh agus le linn an CC, díolann ECCS den dara grád den sórt sin le custaiméirí ó thríú tír i mbulc trí nós imeachta atá cosúil le próiseas tairisceana beag, ina ndíoltar an táirge leis an tairgeoir is mó.

(76) Sonraítear an méid a leanas in Airteagal 2(10)(a) den bhun-Rialachán: "*Déanfar coigeartú i gcás difríochtaí idir saintréithe fisiceacha an táirge lena mbaineann. Beidh méid an choigeartaithe de réir meastachán réasúnach ar luach margaidh na difríochta sin.*"

(77) Mheas an Coimisiún nach raibh aon mheastachán réasúnach ar luach margaidh na difríochta sin curtha ar fáil ag CSN. Mar fhreagairt ar cheann de cheisteanna an Choimisiúin le linn an phróisis easnaimh, luaigh CSN go mbíonn, de ghnáth, ECCS den dara grád céatadán éigin níos ísle ná ECCS den chéad ghrád. Nuair a rinneadh scrúdú ar an na sonraí arna soláthar ag an gcuideachta ar leibhéal an chineáil táirge le haghaidh díolacháin onnmhairí agus intíre, áfach, bhí sé soiléir nach bhféadfaí ráiteas ginearálta den sórt sin a dhéanamh i ndáil leis an difríocht sa phraghas.

(78) Ar an gcéad dul síos, ní raibh an dara grád i gcónaí níos saoire ná an chéad ghrád. Bhí an difríocht sa phraghas idir an chéad grád agus an dara grád le linn na tréimhse imscrúdúcháin idir céatadán diúltach de dhá dhigit agus céatadán dearfach de dhá dhigit. Bhí sé seo fíor maidir leis an tréimhse imscrúdúcháin ina hiomláine, cé go raibh na difríochtaí níos mó fós nuair a rinneadh scrúdú orthu ar bhonn míosúil.

(79) Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh an praghas difríocht idir an dá ghrád athrú ó mhí go mí. Mar shampla, thug an Coimisiún faoi deara maidir le cineál táirge sonrach amháin go raibh an chéad ghrád den táirge beagán níos daoire ná an dara grád i mí amháin, ach go raibh sé i bhfad níos saoire ná an dara grád cúpla mí roimhe sin.

(80) Bhí sé soiléir ón anailís gur tharla na difríochtaí sa phraghas ar bhonn míosúil, i gcás ina bhféadfadh difríocht sa phraghas idir ECCS den chéad agus den dara grád a bheith dearfach nó diúltach, ag brath ar an mí. Maidir le díolacháin an Aontais, arb é an nós imeachta atá cosúil le próiseas tairisceana le haghaidh díolacháin den dara grád mar a luaitear in aithris (75) is mó is dócha ba chúis leis, i gcás nach raibh socrú praghsanna den dara grád ag brath ar phraghsanna táirgí den chéad ghrád, ach go raibh sé ag brath ar sholáthar agus éileamh ag tráth na dara tairisceana d'ardchaighdeán. Deimhníodh an méid sin i ráitis ó CSN le linn cros-seiceáil chianda.

(81) Ós rud é (i) go raibh difríochtaí sa phraghas idir an chéad ghrád agus an dara grád neamhréireach agus corrach, (ii) níor léirigh siad an difríocht uile sa phraghas a luaigh CSN ina fhreagra ar an litir easnamh agus (iii) níor thug CSN aon fhianaise nua lenar léiríodh go raibh bunús lena maíomh, mheas an Coimisiún nár léiríodh aon luach margaidh réasúnach ar an difríocht mar a éilítear le hAirteagal 2(10)(a) agus níorbh fhéidir í a mheas. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún maíomh CSN maidir le coigeartú mar gheall ar dhifríochtaí ó thaobh na cáilíochta de.

3.2.4. *Corrlaigh dhumpála*

(82) In éagmais aon bharúil glactha maidir leis an gcorrlach dumpála a ríomh, dheimhnigh an Coimisiún a chuid conclúidí, conclúidí a leagtar amach in aithris (133) den Rialachán sealadach.

(83) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, dleacht gan íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Companhia Siderúrgica Nacional	66,8 %
Gach cuideachta eile	66,8 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainmhíniú ar tionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(84) In aithris (135) den Rialachán sealadach, mhínigh an Coimisiún ós rud é gur díorthaíodh na sonraí a bhaineann leis an measúnú ar dhíobháil go príomha ó thrí táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, ar leis an ngrúpa céanna dhá cheann acu, tugtar na figiúirí go léir i bhfoirm innéacsaithe nó mar raonta chun rúndacht na sonraí a sholáthraítear a chosaint.

(85) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CISA gur cuireadh, le cur i láthair táscairí eacnamaíocha i bhfoirm raonta, go háirithe maidir le tomhaltas an Aontais agus lena n-áirítear sonraí Eurostat i ndáil le honnmhaireoirí iasachta le tagairtí do Tábla 1 agus Tábla 4 den Rialachán sealadach, cosc air trácht a dhéanamh ar bhealach fóinteach faoi na táscairí sin agus d'iarr sé ar an gCoimisiún sonraí cruinne a sholáthar. D'áitigh CISA freisin ós rud é go bhfuil ceithre tháirgeoir de chuid an Aontais ann, a dhéanann ionadaíocht ar thrí grúpa neamhspleách de tháirgeoirí de chuid an Aontais, níl baol ann go mbeadh páirtithe leasmhara in ann ais-innealtóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis atá sonrach do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(86) Chuige sin, mar a mhínítear in aithrisí (31) agus (135) den Rialachán sealadach, díorthaíodh na sonraí a bhaineann leis an measúnú ar dhíobháil go príomha ó na trí tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, ar leis an ngrúpa céanna dhá cheann acu. Dá bhrí sin, b'éigean na figiúirí go léir a sholáthar i bhfoirm innéacsaithe nó mar raonta chun rúndacht na sonraí a sholáthraítear a chosaint. I dteannta sin, cé go bhfuil ceithre tháirgeoir de Chuid an Aontais ann a dhéanann ionadaíocht ar thrí grúpa táirgeoirí, tá dhá ghrúpa acu gaolmhar mar gheall go bhfuil bun ag ArcelorMittal i ngnó Acciaierie d'Italia ([10]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh gá le rúndacht na sonraí a sholáthraítear a chosaint agus ar an gcaoi sin raonta a úsáid.

(87) Mheas an Coimisiún go raibh gá freisin le sonraí maidir le tomhaltas an Aontais agus sonraí maidir le hallmhairí agus sciar den mhargadh i dTáblaí 1 agus 4 den Rialachán sealadach a sholáthair i raonta mar gheall go mbeadh sé indéanta an díolachán iomlán agus an sciar de mhargadh thairgeoirí an Aontais a ríomh leis na dearbhfhigiúirí, agus dá bhrí sin, faisnéis rúnda maidir le gnó a nochtach atá sonrach do thairgeoirí ar leith de chuid an Aontais. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(88) Dá bhrí sin, deimhnítear aithrisí (134) go (139), chomh maith le haithrisí (144) go (146), a leagtar amach sa Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(89) In éagmais barúlacha eile maidir le tomhaltas an Aontais, deimhnítear na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (137) go (139) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.3.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(90) In éagmais barúlacha eile maidir le measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, deimhnítear aithrisí (140) go (143) den Rialachán sealadach.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(91) Mhaígh Rialtas na Brasaíle, faoin ADA, gurb iad praghsanna na n-allmhairí dumpáilte agus an táirge comhchosúil sa Bhallstát is allmhaireoir ina n-iomláine na bunpharaiméadair chun scrúdú a dhéanamh maidir le sladghearradh agus nach raibh aon bhunús le mír 1 ná mír 2 d'Airteagal 3 den ADA ná le haon fhoráil eile sa Chomhaontú maidir le cosc ar allmhairí ó chuideachtaí nach ndéantar de thairgeoirí/onnmhaireoirí samplacha iad, ós rud é go meastar iad a bheith dumpáilte. Ar an mbealach céanna, de réir rialtas na Brasaíle, maidir le anailís ar shladghearradh, níl aon rud san ADA lena dtugtar údarás chun idirbhearta idir páirtithe comhlachaithe a eisiamh ná aon sórt díolachán eile nach meastar a bheith mar chuid den ghnáthchúrsa trádála chun praghas ar tháirge comhchosúil ón mBallstát is allmhaireoir a ríomh. Chuige sin, rinne Rialtas na Brasaíle tagairt do chinntí na bPainéal in *CE – Ceanglóirí (an tSín)* agus *Maracó – Bearta frithdhumpála cinntitheacha maidir le cóipleabhair (an Túinéis)*.

([10]) https://corporate.arcelormittal.com/media/press-releases/arcelormittal-completes-investment-agreement-with-invitalia, arna rochtain an 28 Lúnasa 2022.

(92) Thairis sin, mhaígh Rialtas na Brasaíle go dtugann foclaíocht aithris (151 ([11])) den Rialachán sealadach le fios go ndearnadh anailís ar shladghearradh praghais ar bhonn de réir tíre maidir leis an mBrasaíl agus maidir leis an tSín ach i gcomhréir le haithris (33) den Rialachán sealadach, *"chinn an Coimisiún na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a charnadh chun críche na hanailíse a thuairiscítear sna haithrisí thuas"*. Tá an tuiscint ag Rialtas na Brasaíle, a luaidhe a bhfuil na hallmhairí carntha réidh le haghaidh anailíse díobhála, gur cheart an nós imeachta céanna a leanúint maidir leis na scrúduithe uile a cheanglaítear le hAirteagal 3 den ADA, lena n-áirítear éifeachtaí praghais, agus chuige sin rinne siad tagairt do chinneadh an Phainéil in *CE – Feistis Feadáin nó Píopáin*.

(93) D'iarr Rialtas na Brasaíle ar an gCoimisiún a shoiléiriú an bhfuil a thuiscint ar fhíorais an imscrúdaithe cruinn agus, más ea, an coigeartú a leanas a dhéanamh ar na ríomhanna:

— praghas dhíolacháin uile an táirge comhchosúil de thairgeoirí de chuid an Aontais a mheas, lena n-áirítear oibríochtaí idir páirtithe comhlachaithe;

— allmhairí na dtáirgí uile faoi imscrúdú ón tSín agus ón mBrasaíl a mheas, beag beann ar shampla na dtairgeoirí/onnmhaireoirí a rinneadh faoi Airteagal 6.10 den ADA; agus

— na hallmhairí ó na háiteanna tionscnaimh uile (an tSín agus an Bhrasaíl) a charnadh nuair a dhéantar measúnú ar an éifeacht ag allmhairí dumpáilte ar phraghsanna sa mhargadh intíre do tháirgí comhchosúla.

(94) Chuir an Coimisiún i dtábhacht, mar a luaitear in aithris (186) agus aithris (194) den Rialachán sealadach, gur tháinig laghdú ar phraghsanna thionscal an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar allmhairí dumpáilte ón tSín agus ón mBrasaíl, rud a chur le níos mó caillteanais airgeadais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcodarsnacht leis sin, cuireann na hargóintí atá ag Rialtas na Brasaíle béim ar an gcaighdeán eile de chomparáid praghsanna, is é sin sladghearradh praghsanna (féach aithrisí (91)-(92)). Dá bhrí sin, sheas an Coimisiún go raibh praghsanna i margadh an Aontais laghdaithe ó 2018 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Fiú dá mba rud é go raibh argóintí Rialtas na Brasaíle le bheith ag déanamh tagairt do chúngach praghsanna, níl aon fhaisnéis sa chomhad a léiríonn go mbeadh praghsanna de tháirgeoirí de chuid an Aontais neamh-samplacha difriúil go leor ó phraghsanna de tháirgeoirí samplacha, agus mar gheall air sin go mbeadh na conclúidí maidir le brú ar phraghsanna difriúil. Go deimhin, léiríonn comparáid idir praghsanna allmhairí agus praghsanna an Aontais i dtábla 5 agus tábla 6 den Rialachán sealadach go raibh praghsanna allmhairí níos ísle ná praghsanna an Aontais (féach aithris (149) den Rialachán sealadach). Dá bhrí sin, mar chuid dá anailís ar éifeachtaí praghais, bhí an Coimisiún ag cur éifeachtaí praghais na n-allmhairí uile ar dhíolacháin uile de thionscal an Aontais san áireamh. Ar aon chuma, léirigh an Coimisiún go bhforálfar an sampla a roghnú sa bhun-Rialachán, chomh maith leis na forálacha comhfhreagracha in ADA EDT i gcás ina bhfuil roinnt mhaith páirtithe agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh an t-imscrúdú a bheith teoranta do líon réasúnta de pháirtithe ionadaíochta chun teacht ar thorthaí ionadaíochta. Ní thacaíonn an cás-dlí a luann Rialtas na Brasaíle leis an dearbhú nach bhféadfar na torthaí ionadaíochta maidir leis na cuideachta sampláilte a úsáid chun teacht ar chonclúidí maidir leis an gcuid eile de na díolacháin agus na hallmhairí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin ó Rialtas na Brasaíle.

(95) Maidir leis na maímh i ndáil le sladghearradh praghsanna agus le tacar díolachán thionscal an Aontais a úsáidtear chun ríomhanna i leith sladghearradh a dhéanamh, dheimhnigh an Coimisiún go ndearnadh comparáid idir allmhairí ECCS de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le díolachán thionscal an Aontais de tháirge comhchosúil, agus leo sin amháin. Chuige sin, rinne an Coimisiún ríomh ar shladghearradh d'allmhairí uile ó na tíortha lena mbaineann agus rinne sé anailís ar na héifeachtaí praghais le chéile. Ba é an toradh a bhí air sin ná sladghearradh idir 1,9 % agus 21,8 %, is é sin 11,2 % de mheán ualaithe don dá thír.

(96) Tar éis an nochta dheiridh, d'athdhearbhaigh Rialtas na Brasaíle a mhaíomh gur cheart an Coimisiún idirbhearta díolacháin idir páirtithe comhlachaithe a chur san áireamh. D'áitigh Rialtas na Brasaíle freisin gur cheart na díolacháin neamhshampláilte de chuid an Aontais agus de chuid na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith curtha san áireamh freisin nuair a rinneadh an ríomh maidir le sladghearradh agus gearrdhíol praghais. Rinne Rialtas na Brasaíle tagairt do thuarascáil an Phainéil ina dhiúltaigh an Painéal do chur chuige an údaráis imscrúdaithe chun praghsanna an tionscail bhaile a fháil chun críche sladghearradh praghais mar gheall go bhfuarthas nach raibh na praghsanna brabúsacha ([12]). Níor léir don Choimisiún go raibh baint ag an tuarascáil sin le dearbhú Rialtas na Brasaíle gur cheart idirbhearta díolacháin idir páirtithe comhlachaithe a chur san áireamh freisin agus an ríomh a dhéanamh maidir le sladghearradh praghais. Ar aon chuma, níor glacadh le Tuarascáil an Phainéil sin. Thairis sin, mar a míníodh in aithris (94) thuas, bhí an Coimisiún i dteideal sampláil a chur i bhfeidhm agus torthaí ionadaíochta maidir leis na cuideachta sampláilte a úsáid chun teacht ar chonclúidí maidir leis an gcuid eile de na díolacháin agus na hallmhairí.

([11]) Rinne Rialtas na Brasaíle tagairt go hearráideach d'aithris (158) den Rialachán sealadach.

([12]) WT/DS578/R, Maracó — Bearta Frithdhumpála Cinntitheacha ar Chóipleabhair Scoile ón Túinéis, Tuarascáil Painéil an 27 Iúil 2021, mír 7.207.

Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Ar aon chuma, chun anailís a dhéanamh ar éifeachtaí praghais na n-allmhairí dumpáilte ó thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún go raibh an brú ar phraghsanna mar a bunaíodh in aithris (186), aithris (188), aithris (193), aithris (194) agus aithris (208) den Rialachán sealadach ina tháscaire leordhóthanach cheana féin. Deimhníodh freisin torthaí chúngú na bpraghsanna ar an macraileibhéal leis na torthaí maidir le gearrdhíol suntasach i ndáil le gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar a leagtar amach in aithris (185), bhí na corrlaigh ghearrdhíola idir 23,9 % agus 53,2 %, is é sin 37,7 % de mheán ualaithe don dá thír. Ina theannta sin, mar a léirítear i dtábla 9 den Rialachán sealadach, sa tréimhse imscrúduithe, ba é EUR/tona [780-910] an meánchostas táirgthe de thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, agus EUR/tona [840-980] a bhí ar chostas aonaid an táirgthe. Dá bhrí sin, mar gheall ar an mbrú ar phraghsanna díol tionscal an Aontais ar phraghsanna nach gcumhdaíonn an costas táirgthe gan trácht ar ghnáthchorrlach brabúis. Dá bhrí sin, deimhníodh na torthaí maidir le brú ar phraghsanna ar na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ag céim chinntitheach.

(97) Léirigh an Coimisiún go raibh na torthaí aonchiallacha seo maidir le brú suntasach ar phraghsanna, ó thaobh an dlí de, leordhóthanach le deimhniú go raibh na hallmhairí dumpáilte ina chúis díobhála do thionscal an Aontais. Sa chomhthéacs seo, níl aon cheanglas dlí le hanailís leithleach agus torthaí leithleacha faoi shladghearradh praghsanna, mar gheall gur caighdeán ailtéarnach é d'anailís ar na héifeachtaí praghais faoi Airteagal 3(3) den bun-Rialachán. Dá bhrí sin, d'ainneoin na dtorthaí maidir le sladghearradh praghsanna a dhéantar sa Rialachán sealadach, ar bhonn na dtorthaí thuas maidir le brú ar phraghsanna, tá an anailís agus na torthaí maidir le sladghearradh neamhriachtanach le haghaidh thoradh an imscrúdaithe. Thairis sin, deimhníodh sna breithiúnais le déanaí ón gCúirt Ghinearálta anailís an Choimisiúin ar bhrú suntasach ar phraghsanna mar uirlis chun scrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí praghais faoi Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán ([13]). Ina fhianaise sin, tá na barúlacha a dhéanann na páirtithe eile maidir le sladghearradh praghsanna gan agóid freisin. Mar sin féin, ar mhaithe le comhláine, chinn an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar na maímh ó na páirtithe leasmhara.

(98) Tar éis an nochta deiridh, níor ghlac Rialtas na Brasaíle le ráiteas an Choimisiúin a dúirt go raibh na torthaí faoi shladghearradh praghsanna neamhriachtanach do thoradh an imscrúdaithe mar, dé réir Rialtas na Brasaíle, bhí an corrlach díobhála bunaithe ar shladghearradh praghsanna. Mar sin féin, mar a míníodh i roinn 6.1 agus roinn 6.2 thíos, agus contrártha le dearbhú Rialtas na Brasaíle, ní raibh an corrlach díobhála bunaithe ar an sladghearradh a suíodh ach bhí sé bunaithe ar an gcorrlach díobhála a bunaíodh do gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte, seachas do Jintai a raibh an corrlach díobhála cothrom leis an gcorrlach díobhála a aimsíodh.

(99) Maidir le maíomh Rialtas na Brasaíle gur cheart an Coimisiún praghsanna díolacháin uile an táirge comhchosúil de thairgeoirí de chuid an Aontais a mheas, lena n-áirítear idirbhearta idir na páirtithe comhlachaithe, léirigh an Coimisiún go mbailíonn sé gach faisnéis ina n-imscrúduithe, lena n-áirítear praghsanna díola idir páirtithe comhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Coimisiún ar thairgeoirí de chuid an Aontais, beartais maidir le praghsáil aistrithe d'idirbhearta díolacháin le páirtithe leasmhara a mhíniú. Má tá tionchar ag an gcaidreamh ar na díolacháin sin agus mura bhfuil a bpraghsanna ar neamhthuilleamaí, ní chuirtear san áireamh iad san anailís ar shladghearradh mar gheall go mbeadh na ríomhanna a bheadh ann mar thoradh air sin cortha ag an gcaidreamh sin. I gcodarsnacht leis sin, má tá na díolacháin idir na páirtithe leasmhara ar neamhthuilleamaí agus má léiríonn siad idirbheart margaidh, féadfar iad a chur san áireamh ina n-iomláine leis an ríomh ar shladghearradh (ar choinníoll nach bhfuil aon choigeartuithe maidir leis an leibhéal trádála). Tá an cur chuige sin go hiomlán i gcomhréir leis na rialacháin den Rialachán sealadach agus le dlí-eolaíocht EDT a luaigh Rialtas na Brasaíle. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-éileamh sin.

(100) D'ardaigh Baosteel saincheist nós imeachta agus cearta cosanta i ndáil le doiciméad nochta an Choimisiúin ina raibh praghsanna díola aonaid agus sprioc praghsanna aonaid thionscal an Aontais ag brath ar na ríomhanna a soláthraíodh i raonta leathana, agus na raonta céanna beag beann ar an difríocht sa phraghas idir na PCNanna éagsúla, rud a chuir cosc ar an gcuideachta barúlacha fónta a thabhairt. Toisc go ndéantar an méid gearrdhíola a ríomh mar dhifríocht idir luach CAL an onnmhaireora agus spriocphraghas thionscal an Aontais, gan nochtadh fiúntach de spriocphraghas thionscal an Aontais, ní bheadh onnmhaireoirí in ann cruinneas ríomhanna chorrlach gearrdhíola an Choimisiúin a fhíorú. Chuir Jintai ábhair imní den chineál céanna in iúl.

(101) Chuige sin, léirigh an Coimisiún go raibh sé riachtanach na sonraí a sholáthair i raonta, mar gheall ar ábhair imní maidir le rúndacht a míníodh cheana féin in aithris (86). Tar éis an maíomh a rinne Baosteel, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na raonta ag cur na difríochtaí ó thaobh phraghais de idir na PCNanna éagsúla san áireamh.

([13]) Féach breithiúnais Chúirt Ghinearálta an 14 Meán Fómhair 2022, *Methanol Holdings (Oileán na Tríonóide) v An Coimisiún*, Cás T-744/19 ECLI:EU:T:2022:558, mír 100 agus an 14 Meán Fómhair 2022, *Nevinnomysskiy Azot agus NAK "Azot" v An Coimisiún*, Cás T-865/19, ECLI:EU:T:2022:559, míreanna 195, 261-268.

(102) Thairis sin, d'iarr Baosteel ar an gCoimisiún a shoiléiriú an ea go ndearnadh comparáid idir na praghsanna ar an leibhéal trádála céanna. Go háirithe, mhaígh Baosteel ós rud é gur bhain an Coimisiún costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús na dtrádálaithe gaolmhara, ní mór go ndéanfaidh sé an rud céanna i dtaobh táirgeoirí de chuid an Aontais, má dhíolann siad an táirge i dtrácht trí thrádálaithe gaolmhara i margadh an Aontais.

(103) Mhaígh Jintai freisin gur theip ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh ar an leibhéal trádála céanna nuair a rinne sé an corrlach sladghearrtha a ríomh. De réir Jintai, trí chomhshamhlú, don chomparáid ar an bpraghas a rinneadh i gcomhthéacs na ríomhanna díobhála, a dhéanamh ar na praghsanna a ghearrann na táirgeoirí sampláilte de chuid Aontais ina ndíolacháin dhíreacha do cheannaitheoirí neamhspleácha leis na praghsanna a ghearrann eintitis díolacháin ghaolmhara de thairgeoirí do cheannaitheoirí den sórt sin, chuir an Coimisiún san áireamh don táirge sin praghas a bhí boilscithe agus dá bhrí sin neamhfhabhrach i leith Jintai. Is é sin le rá, nuair a cuireadh san áireamh, maidir le praghsanna na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, eilimintí áirithe a bhaineann le leibhéal trádála atá éagsúil ón leibhéal a úsáideadh chun críche comparáid a dhéanamh (díreach ón monarcha), níl comparáid chothrom déanta ag an gCoimisiún agus corrlach sladghearrtha phraghas Jintai á ríomh. D'áitigh Jintai má dhéantar an chomparáid mar is cóir ar an leibhéal trádála céanna, is dócha go mbeadh corrlach sladghearrtha phraghas Jintai i bhfad faoi bhun 0 %. Dá bhrí sin, d'iarr Jintai ar an gCoimisiún comparáid a dhéanamh mar is cóir ar leibhéal trádála atá cothrom chun críor phraghas chorrlach "tharghearrtha" Jintai a bhunú agus rinne sé tagairt do chinntí ó na cúirteanna *Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún* ([14]) agus *Giant Electric Vehicle Kunshan v an Coimisiún* ([15]) chuige sin.

(104) Ar an gcéad dul síos, léirigh an Coimisiún go gcuireann a dtorthaí ar leith, maidir le sladghearradh praghais mar a shonraítear in aithrisí (185), (186) agus (194) den Rialachán sealadach, leis an anailís ar bhrú ar phraghsanna. Tá na torthaí sin maidir le brú suntasach ar phraghsanna atá leordhóthanach ó thaobh an dlí de cheana féin chun an tionchar diúltach ar na praghsanna a ghearrann tionscal an Aontais a léiriú, mar a mhínítear in aithris (97). Mar sin féin, mar a mhínítear san aithris sin, thug an Coimisiún aghaidh ar na hargóintí a bhaineann le sladghearradh ar mhaithe le comhláine.

(105) Maidir le maíomh Baosteel faoi choigeartú do chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus do bhrabúis na dtrádálaithe de na tairgeoirí de chuid an Aontais, dheimhnigh an Coimisiún nach ndearna siad coigeartú den sórt sin ina ríomhanna maidir le sladghearradh. Mar a chuirtear in iúl in aithris (150) agus aithris (151) den Rialachán sealadach, rinne an Coimisiún roinnt coigeartuithe eile chun a áirithiú go ndéantar comparáid atá cothrom ar an leibhéal trádála céanna. Dá thoradh sin, cuireadh praghsanna thionscal an Aontais ar ais arís chuig an leibhéal díreach ón monarcha agus praghsanna allmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin chuig praghas CAL ag teorainn an Aontais ([16]). Rinne an Coimisiún ionsamhlúchán trí ríomhanna a dhéanamh ar shladghearradh inar cuireadh agus nár cuireadh Airteagal 2(9) i bhfeidhm den bhun-Rialachán de réir analaí maidir le díolacháin Baosteel, agus lenar bunaíodh go raibh an sladghearradh suntasach do Baosteel sa dá chás, le híosleibhéal 7,5 %. Mar thoradh air sin, agus contrártha le maíomh Baosteel, fiú sa chás nár baineadh, faoi Airteagal 2(9), na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus na brabúis a bhaineann le trádálaithe Baosteel, suíodh sladghearradh suntasach.

(106) Maidir le Jintai, thug an Coimisiún le fios ós rud é nach ndearna an táirgeoir onnmhairiúcháin sin an táirge atá faoi imscrúdú a onnmhairiú trí eintitis díolacháin ghaolmhara, ní dhearnadh aon choigeartú ar a phraghas onnmhairiúcháin trí chur i bhfeidhm Airteagal 2(9) de bhun-Rialachán de réir analaí. Sa chás sin, níor mheas an Coimisiún gur iomchuí é ach an oiread díolacháin tháirgeoirí de chuid an Aontais a choigeartú. Thug an Coimisiún dá aire chun siméadracht a áirithiú sa chomparáid praghsanna, ba cheart go n-áireodh na praghsanna faoi seach, a oiread agus is féidir, na heilimintí céanna, agus ba cheart go ndéanfaidh sé, a oireadh agus is féidir, an leibhéal trádála céanna a léiriú chomh maith. Maidir le siméadracht, léirigh praghas onnmhairiúcháin Jintai díol díreach ón eintiteas dlíthiúil de chuid na Síne chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas. San Aontas, bhí díolacháin dhíreacha ag tairgeoir sampláilte amháin chuig custaiméirí deiridh, agus léirigh a phraghas na heilimintí céanna de phraghas Jintai. Bhí an dá tháirgeoir sampláilte eile de chuid an Aontais mar chuid den ghrúpa Arcelor Mittal Group. Ní raibh díolacháin dhíreacha ag aon cheann acu ó na heintitis táirgthe, ach díoladh iad trí eintitis ghaolmhara. Shuigh an Coimisiún nach raibh a struchtúr díolacháin féin ag na heintitis táirgthe, ach go raibh siad ag brath ar a n-eintitis díolacháin ghaolmhara chun na díolacháin a dhéanamh. Is é sin le rá, go raibh na costais a

([14]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 10 Aibreán 2019, *Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún*, T-301/16, ECLI:EU:T:2019:234, mír (184).

([15]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022, *Giant Electric Vehicle Kunshan v an Coimisiún*, T-242/19, EU:T:2022:259, mír 89 agus mír (90).

([16]) Maidir le nithe amhail dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin, chomh maith le coigeartuithe do lascainí agus lacáistí.

bhaineann le táirgeadh agus díolachán an táirge i dtrácht roinnte idir na heintitis táirgthe a bhí ag tabhú na costais mhonaraíochta amháin, agus bhí na heintitis díolacháin ghaolmhara suite i mBallstáit éagsúla ag tabhú na costais mhargaíochta agus díolacháin. Níor thabhaigh an t-eintiteas táirgthe aon chostas díolacháin, agus bhí roinn díolacháin Arcelor Mittal ar fad lonnaithe sna heintitis díolacháin dhlíthiúla ar leith. Thabhaigh na heintitis díolacháin ghaolmhara na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús maidir le díolachán Arcelor Mittal Group nuair a díoladh le custaiméirí an Aontais. Chun comparáid chothrom a áirithiú, chuir an Coimisiún praghas an eintitis díolacháin do chustaiméirí an Aontais san áireamh, mar léirigh an praghas sin na costais táirgthe agus na costais margaíochta céanna a léirítear i bpraghas onnmhairiúcháin Jintai, a rinne an táirgeadh agus an díolachán trí aon eintiteas amháin, cosúil leis an tairgeoir sampláilte eile de chuid an Aontais. Gan praghas eintiteas gaolmhar díolacháin Arcelor Mittal Group a chur san áireamh, dhéanfaí an praghas a mheas faoin bpraghas iarbhír mar ní léireofaí costais díolacháin an eintitis is gá do chustaiméirí neamhspleácha an Aontais. Maidir leis na heintitis díolacháin ghaolmhara de thionscal an Aontais, ar thaobh amháin, agus Jintai, ar an taobh eile, bhí fheidhmeanna díolacháin den chineál céanna acu mar tá gá ag an mbeirt acu (1) custaiméirí a fháil san Aontas, (2) conarthaí díolacháin a shíniú agus (3) seachadtaí agus íocaíochtaí sonrasc a áirithiú, etc. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na breithiúnais in *Hansol* ([17]), *CRIA agus CCCMC* ([18]), agus *Giant Electric Vehicles* ([19]), léirigh an chomparáid phraghsanna seo na staideanna eacnamaíocha faoi seach agus na róil comhfhreagracha atá ag na heintitis faoi seach ar thaobh an onnmhairithe agus ar thaobh an Aontais, agus ag pointe ina bhfuil an dá eintiteas in iomaíocht i margadh an Aontais.

(107) Mar sin féin, fiú má ghlactar leis nach léireodh le géilleadh d'iarrataí Jintai (is é sin go ndearna an Coimisiún coigeartú ar dhíolachán thionscal an Aontais chun críocha an ríomh ar shladghearradh trí chur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán de réir analaí) aon sladghearradh maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sin, ní thiocfadh aon athrú ar chinneadh an Choimisiúin faoi shladghearradh maidir leis an tSín agus an dá thír lena mbaineann ina n-iomláine. Go deimhin, ní ionann onnmhairí de chuid Jintai chuig an Aontas ach 6,3 % de na honnmhairí ar fad chuig an Aontas agus níl ionann iad ach 11,6 % de na honnmhairí laistigh den sampla. Mar sin, fiú mura bhfuil aon sladghearradh i gceist maidir le honnmhairí Jintai, bheadh na torthaí maidir le sladghearradh praghais deimhnithe ar bhonn an táirgeora onnmhairiúcháin sampláilte eile don tSín chomh maith leis an dá thír lena mbaineann. Ar an dóigh chéanna, ní bheadh aon tionchar ag aon toradh maidir leis an leibhéal sladghearrtha ag Jintai ar thorthaí an Choimisiúin maidir le brú ar phraghsanna, mar a meabhraíodh cheana féin in aithris (97) agus aithris (104). Go deimhin, thaispeáin praghsanna Jintai leibhéal ard gearrdhíola (féach aithris (185)).

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(108) Tar éis an nochta shealadaigh, d'fhiosraigh CISA an raibh sonraí maidir le Acciaierie d'Italia mar chuid de na sonraí a bhaineann le táscairí maicreacnamaíocha. D'fhreagair an Coimisiún go raibh siad mar chuid díobh.

(109) Dá bhrí sin, deimhnítear aithrisí (153) go (157) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

(110) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr CISA ar an gCoimisiún a dheimhniú cibé a bhfuil nó nach bhfuil an na táirgeoirí ar fad, lena n-áirítear Acciaierie d'Italia, mar chuid de na tacair sonraí ábhartha a bhaineann le táscairí maicreacnamaíocha agus léirigh CISA go bhfuil [5-15] % de tháirgeadh agus de dhíolachán iomlán den chineáil táirge sin san Aontas ag Acciaierie d'Italia, méid nach bhfuil diomaibhseach.

(111) Chuige sin, deimhnigh an Coimisiún go ndearna na sonraí a bhaineann le Acciaierie d'Italia a mheas sna táscairí maicreacnamaíocha.

([17]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Bealtaine 2022, *an Coimisiún v Hansol Paper*, C-260/20 P, ECLI:EU:C:2022:370, míreanna (95)-(114).

([18]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 4 Bealtaine 2022, *China Rubber Industry Association (CRIA) agus China Chamber of Commerce of Metals, Minerals & Chemicals Importers & Exporters (CCCMC) v an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:266, míreanna (139)-(140).

([19]) Féach fonóta 15 thuas.

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(112) In éagmais barúlacha maidir le táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, deimhníodh na haithrisí (158) go (160) den Rialachán sealadach.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(113) In éagmais barúlacha maidir le méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh, deimhníodh aithrisí (161) go (162) den Rialachán sealadach.

4.4.2.3. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(114) In éagmais barúlacha maidir le fostaíocht agus táirgiúlacht, deimhníodh aithrisí (163) go (164) den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fás

(115) In éagmais barúlacha maidir le fás, deimhníodh aithrisí (165) go (167) den Rialachán sealadach.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(116) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Rialtas na Brasaíle ina measúnú ar an méid den chorrlach dumpála, nach ndearna an Coimisiún ach na conclúidí a bhí acu cheana féin ó scrúduithe eile a athshonrú. Mar shampla, bhí an chonclúid go bhfuil méid na gcorrlach dumpála níos airde ná an tairseach *de minimis* luaite cheana féin in aithris (141) den Rialachán sealadach a bhaineann leis an measúnú ar allmhairí carntha agus féadfar é a fháil ó chur i bhfeidhm na mbeart sealadach féin. Thairis sin, rinneadh an anailís ar mhéid agus ar phraghas na n-allmhairí dumpáilte faoi Airteagail 3.1, 3.2 agus 3.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus cuirtear in iúl í in aithrisí (144) – (152) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon anailís shonrach ar mhéid an chorrlaigh dumpála. Dá bhrí sin, d'iarr Rialtas na Brasaíle ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an gcúinse sin ar bhealach neamhiomarcach maidir leis na táscairí eile in Airteagal 3 den Chomhaontú Frithdhumpála.

(117) Chuige sin, thug an Coimisiún dá aire go mbaineann breithniú a dhéanamh ar mhéid an chorrlaigh dumpála, ag féachaint do mhéid agus do phraghas na n-allmhairí dumpáilte, le scrúdú a dhéanamh féachaint an féidir aon tionchar ar thionscal an Aontais a mheas a bheith diomaibhseach.

(118) Mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil gach corrlach dumpála go suntasach níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Bhí méid na n-allmhairí ó thíortha lena mbaineann suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus chuir praghsanna na n-allmhairí dumpáilte sladghearradh praghsanna agus brú ar phraghsanna ar phraghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, mar gheall ar mhéid agus ar phraghas na n-allmhairí dumpáilte, ní féidir an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála a mheas gur diomaibhseach iad agus ba mhór an tionchar fiú, de réir chonclúid an Choimisiúin in aithris (168) den Rialachán sealadach.

(119) Dá bhrí sin, deimhníodh aithrisí (168) go (169) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(120) In éagmais barúlacha maidir le praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna, deimhníodh na haithrisí (170) go (172) den Rialachán sealadach.

4.4.3.2. Costais saothair

(121) In éagmais barúlacha maidir le costais saothair, deimhníodh na haithrisí (173) agus (174) den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(122) In éagmais barúlacha maidir le fardail, deimhníodh na haithrisí (175) agus (176) den Rialachán sealadach.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(123) In éagmais barúlacha maidir le brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú, deimhníodh na haithrisí (177) go (182) den Rialachán sealadach.

4.4.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(124) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CISA agus Eviosys nach raibh díobháil ábhartha á fulaingt ag tionscal an Aontais agus go raibh aon éifeacht eacnamaíoch diúltach á fulaingt ag tionscal an Aontais mar gheall ar thosca eile amhail tionchar phaindéim COVID-19. Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CISA a mhaímh.

(125) Ar an gcéad dul síos, luaigh CISA agus Eviosys an fíoras gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhthéacs ina raibh tomhaltas an Aontais ag laghdú.

(126) Ar an dara dul síos, maidir leis na táscairí maicreacnamaíocha, thug CISA dá aire nach bhféadfaidh le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a bheith mar thoradh ar aon cheann acu. Léirigh sé gur fhan na leibhéil d'acmhainneacht táirgeachta agus de dhíolacháin intíre seasmhach, i bhfianaise chúlra ina bhfuil tomhaltas ag laghdú, dá réir sin ag míniú an méadú soiléir ar an sciar den mhargadh. Thairis sin, is soiléir go raibh tionscal an Aontais in ann líon na ndaoine atá fostaithe a mhéadú, arís rud a thaispeánann go raibh a mhalairt de dhíobháil ábhartha ar siúl.

(127) Ar an tríú dul síos, maidir leis na táscairí micreacnamaíocha, léirigh CISA nach raibh laghdú ar phraghas díolacháin san Aontas idir an tréimhse faoi bhreathnú agus tréimhse an imscrúdaithe, agus sa tréimhse meántéarmach ní raibh ach beagán de luaineacht. Léirigh Eviosys freisin gur fhan praghsanna díolacháin thionscal an Aontais seasmhach ar an iomlán agus níor aontaigh sé le conclúid an Choimisiúin "*nach raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna díolacháin a mhéadú chun costas méadaithe an táirgthe a chumhdach*" agus go raibh sé mar thoradh, a líomhnaítear, "*ar bhrú praghsanna ag allmhairí*". Chuige sin, mhaígh Eviosys gur chuir an t-éileamh laghdaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú chomh maith le héifeachtaí phaindéim COVID-19 cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a mhéadú.

(128) Ar an gceathrú dul síos, léirigh CISA an luaineacht ar fhigiúirí brabúsachta d'ainneoin gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais. Chuige sin, cheistigh CISA an cinneadh a rinne tionscal an Aontais leanúint le hinfheistíochtaí suntasacha, cé go raibh sé soiléir nach raibh aon mhéadú ag teacht ar thomhaltas an Aontais agus d'iarr siad ar an gCoimisiún na ceanglais dhlíthiúla shonracha a shoiléiriú a chuireann sé de cheangal ar thionscal an Aontais infheistíochtaí a dhéanamh agus a ábharthacht maidir leis an táirge i dtrácht a áirithiú. Léirigh CISA freisin nach bhfuil aon nasc ar bith ag an méadú ar chostais táirgthe le honnmhairí ón tSín, agus mar thoradh air sin, nár cheart don Choimisiún déileáil leis sin mar chúis.

(129) Ina theannta sin, mhaígh CISA, i gcodarsnacht leis na leibhéil bhrabúsachta a thuairiscítear sa Rialachán sealadach, go ginearálta meastar go bhfuil forléargais an-dearfacha ar fad sa mhargadh ábhartha. Rinne CISA tagairt d'airteagal áirithe ([20]) agus léirigh sé go ndéantar tagairt go sainráite do na trí thairgeoirí sampláilte (baineann dhá cheann acu leis an ngrúpa céanna) ar fad sna hairteagail seo, rud a léiríonn gur tháinig méadú 44 % ar dhíolacháin de chuid Arcelor Mittal anuraidh, agus gur tháinig méadú 39 % ar a ioncam de réir na ráithe in aghaidh na bliana i Nollaig 2021.

([20]) Féach *"ArcelorMittal earnings skyrocket, foresees supportive 2022 conditions"*, 10 Feabhra 2022, ar fáil ag https://www.kallanish.com/en/news/steel/market-reports/article-details/arcelormittal-sees-2022-market-conditions-supportive-0222/; *"Thyssenkrupp cashes in on higher steel prices"*, 10 Feabhra 2022, ar fáil ag https://eurometal.net/thyssenkrupp-cashes-in-on-higher-steel-prices/; *"EU mills lift HRC further amid cost escalation"* 10 Márta 2022, ar fáil ag https://eurometal.net/eu-mills-lift-hrc-further-amid-cost-escalation/

(130) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh CISA a mhaíomh gur cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar an mbrabúsacht ard líomhnaithe a bhain Arcelor Mittal agus ThyssenKrupp amach tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, d'áitigh CISA chomh maith le CANPACK gur tháinig méadú suntasach ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tSín agus ón mBrasaíl tar éis na tréimhse agus gur cheart don Choimisiún é sin a chur san áireamh.

(131) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a luaitear in aithris (183) den Rialachán sealadach, tháinig meath ar tháscairí eacnamaíocha ar an macraileibhéal agus ar an micrileibhéal araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur fhan méid na ndíolachán de chuid thionscal an Aontais seasmhach agus gur tháinig méadú ar a sheasamh margaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath ar a staid airgeadais go príomha mar gheall ar an méadú ar chostas táirgthe, nach bhféadfaí a chumhdach le méadú comhfhreagrach ar a phraghsanna díolacháin. Mar thoradh ar bhrú suntasach ar phraghsanna a d'fheidhmigh allmhairí dumpáilte, tharla caillteanais amhail ó 2019, rud a mhéadaigh tuilleadh sa tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur mhéadaigh líon na bhfostaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tharla an méadú sin in 2019 agus 2020 den chuid is mó. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tionscal an Aontais ag leagan fostaithe as.

(132) Mar a leagtar amach in aithris (187) den Rialachán sealadach, tháinig meath suntasach ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'imir sé sin tionchar diúltach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féinmhaoinithe a dhéanamh, na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a thiomsú, rud a chuir bac ar an bhfás agus fiú bagairt ar a mharthanas.

(133) A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí a dhéantar chun ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh, shonraigh an Coimisiún go mbaineann na hinfheistíochtaí sin le hoibleagáidí comhshaoil agus sóisialta agus nach bhfuil siad nasctha le haon mhéadú ar acmhainneacht táirgeachta.

(134) Maidir leis na forléargais ar an margadh, forbairtí praghais allmhairiúcháin chomh maith leis an mbrabúsacht thoimhdithe a bhain táirgeoirí an Aontais amach tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin dá dtagraítear ag CISA agus CANPACK, níl siad ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil arna déanamh ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(135) Tar éis an nochta deiridh, rinne CISA nasc idir an méadú ar líon na bhfostaithe agus míniú an Choimisiún gur bhain na hinfheistíochtaí a rinneadh le caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta, agus é á mhaíomh aige nach n-éileofaí le hinfheistíochtaí den sórt sin méadú ar líon na bhfostaithe. D'iarr sé ar an gCoimisiún freisin tuilleadh eolais a thabhairt maidir leis an raon feidhme sonrach agus méideanna na hinfheistíochta a rinne an tionscal a bhí ag teastáil chun oibleagáidí comhshaoil agus sóisialta a chomhlíonadh.

(136) Ní dhearna an Coimisiún nasc idir an méadú ar fhostaíocht agus na hinfheistíochtaí a rinneadh. Go deimhin, mar a shonraítear in aithris (131) thuas, tháinig méadú ar fhostaíocht in 2019 agus 2020 go príomha, agus laghdaigh sé 8,9 % idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin. Ag an am céanna, lean infheistíochtaí orthu ag méadú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dúirt an Coimisiún freisin nach raibh sé in ann an raon feidhme beacht ná méid na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag na cuideachtaí sampláilte a nochtadh toisc gur faisnéis rúnda é. Mar sin féin, mar a tugadh le fios in aithris (133) thuas, ní raibh na hinfheistíochtaí sin nasctha le haon mhéadú ar acmhainneacht táirgeachta ach le hacmhainneachtaí a bhí ann cheana a chur in oiriúint agus/nó a ionadú.

(137) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán. Dá dhroim sin, dhiúltaigh an Coimisiún maíomh na bpáirtithe leasmhara maidir le héagmais na díobhála ábhartha agus dheimhnigh sé aithrisí (183) go (188) den Rialachán sealadach.

(138) Tugtar aghaidh ar na maímh ar fhachtóirí eile lena ndéantar díobháil i Roinn 5 thíos.

5. **CÚISÍOCHT**

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

5.1.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann*

(139) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CISA nach bhféadfaí leibhéil an sciar den mhargadh atá ag na tíortha lena mbaineann a mheas mar an-ard, nach ndeachaigh siad riamh os cionn 18 %, agus tháinig laghdú orthu ina dhiaidh sin sa tréimhse imscrúdúcháin.

(140) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Mar a mhínítear in aithris (192) den Rialachán sealadach, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ó 13,1 % in 2018 go 15,4 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Mheas an Coimisiún go raibh sciar den mhargadh den sórt sin suntasach agus, i bhfianaise leibhéil na bpraghsanna a bunaíodh, go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh aithrisí (190) go (192) den Rialachán sealadach.

5.1.2. *Praghas na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus éifeachtaí praghais*

(141) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Eviosys nach raibh aon fhianaise d'aon bhrú praghsanna ag na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus is cosúil nár lean praghsanna tháirgeoirí an Aontais na praghsanna a bhí ag an tSín ná a bhí ag an mBrasaíl, rud a thugann le fios nach raibh aon tionchar ag na praghsanna sin ar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(142) Mar a mhínítear in aithris (193) den Rialachán sealadach, bhí meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí sin ó na tíortha i dtrácht go mór faoi bhun mheánphraghsanna díolacháin thionscal an Aontais i margadh an Aontais agus gur ghearr na hallmhairí sin praghsanna thionscal an Aontais 11,2 % ar an meán ualaithe. Chuir méideanna móra na n-allmhairí ag praghsanna ísle praghsanna thionscal an Aontais síos, rud nach bhféadfadh na costais táirgthe a chumhdach, agus tabhaíodh caillteanais dá dheasca sin.

(143) Ina theannta sin, beag beann ar cé acu ar lean nó nár lean praghsanna thionscal an Aontais na praghsanna a bhí ag an mBrasaíl ná na praghsanna ag bhí ag an tSín, is léir gur laghdaigh na hallmhairí ó na tíortha i dtrácht ar phraghsanna ísle praghsanna thionscal an Aontais agus mar gheall air sin go raibh éifeacht dhiúltach acu ar phraghas. Is leor gur ann do bhrú ar phraghsanna i gcomhthéacs an anailís ar na héifeachtaí ar phraghas faoi Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán chun teacht ar an tátal go raibh tionchar diúltach ar phraghsanna an Aontais ag na praghsanna allmhairiúcháin arna ndumpáil. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh agus deimhníodh aithris (193) den Rialachán sealadach.

5.1.3. *Nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus díobháil ábhartha thionscal an Aontais*

(144) Tar éis an nochta shealadaigh, d'athdhearbhaigh Eviosys a maíomh go bhféadfaidh aon allmhaire ó na tíortha i dtrácht a bheith ina chúis d'aon dhíobháil agus d'athdhearbhaigh sé nach bhfuil mórán de ghaol comórtasach idir na táirgí a dhíolann tionscal an Aontais agus na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar gheall ar thosca amhail leibhéil cháilíochta níos ísle agus neamh-oiriúnacht i gcás úsáidí áirithe, le hagaí tionscanta níos faide, agus costais iompair níos airde chomh maith le tacaíocht theoranta do chustaiméirí, a léiríonn freisin an difríocht idir na praghsanna agus cén fáth go bhfuil siad go ginearálta níos ísle ná praghsanna díolacháin thionscal an Aontais.

(145) Theip ar Eviosys fianaise nua a sholáthar le bunús a thabhairt dá maímh, áfach. Dá bhrí sin, deimhnítear aithrisí (194) go (197) den Rialachán sealadach.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(146) Tar éis an nochta shealadaigh, luaigh Rialtas na Brasaíle gurb é EUR/tona [850-990] an praghas neamh-dhíobhála a ríomhadh sa réamhchinneadh. Ós rud é go bhfuil an luach sin níos airde ná an praghas allmhairiúcháin d'allmhairí ó bhunúis neamh-scrúduithe (EUR/tona 822) agus go bhfuil méid na n-allmhairí ó bhunúis neamh-scrúduithe níos airde ná an ceann de bhun na Síne nó de bhun na Brasaíle, ba cheart don Choimisiún na himpleachtaí a aithint sa scrúdú ar allmhairí de bhunúis neamh-scrúduithe mar thoisc díobhála eile. Dá bhrí sin, déanfar na héifeachtaí díobhála a scagadh agus a aithint ó na cinn a eascraíonn as na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe.

(147) Mar a luaitear in aithris (199) den Rialachán sealadach, tháinig laghdú 23 % agus 21 %, faoi seach, ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus d'fhan meánphraghas allmhairiúcháin gearr do mheánphraghas díolacháin thionscal an Aontais, agus bhí siad i bhfad níos airde ná meánphraghas allmhairithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, bhí sé soiléir gurbh iad allmhairí an táirge lena mbaineann ba chúis le haon díobháil do thionscal de chuid an Aontais agus a bhí ag cóiméad leibhéil na bpraghsanna íseal. Cé nach féidir é a eisiamh go mbeadh na foinsí allmhairiúcháin eile, chomh luath agus a chuirtear dleachtanna ar allmhairí an táirge lena mbaineann, ina gcúis díobhála do thionscal an Aontais, ba léir nach bhféadfaí iad a mheas mar chúis díobhála chun an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a breithníodh sa tréimhse imscrúdúcháin a mhaolú.

(148) Ina theannta sin, i ndáil leis an meánphraghas neamhdhíobhála, rinneadh an ríomh sin ar bhonn meascán de tháirgí bunaithe ar na hallmhairí iarbhír de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus i gcomparáid leis an bpraghas tugtha i dtír d'allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin. Mar sin, ní raibh sé inchomparáide go díreach leis na meánphraghsanna allmhairiúcháin CAL.

(149) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh agus deimhníodh na haithrisí (198) go (201) den Rialachán sealadach.

5.2.2. *Paindéim COVID-19*

(150) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh CISA, Eviosys agus CANPACK go mbriseann paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí eacnamaíocha an nasc cúisíoch idir allmhairí agus staid thionscal an Aontais. D'áitigh CISA gur géarchéim ó thaobh an éilimh de den chuid is mó é paindéim COVID-19 agus ní géarchéim é a mhéadaíonn an díobháil a dhéanann allmhairí do thionscal, agus is é an príomhthoradh air sin fionraíocht ar tháirgeacht agus de dheasca sin cúlú eacnamaíochta ar mhargadh an Aontais.

(151) Rinne Rialtas na Brasaíle tagairt d'aithrisí (203) go (205) den Rialachán sealadach agus mhaígh siad gur cosúil gur d'éirigh leis an gCoimisiún na héifeachtaí ó phaindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais a íoslaghdú ar an mbonn "*go raibh meathlú ar staid thionscal an Aontais tosaithe cheana roimh an bpaindéim agus lean sé ar aghaidh tar éis tús a chur athuair le táirgeadh thionscal an Aontais in IP*". Tá sé de thuairim ag Rialtas na Brasaíle nach leor an argóint sin chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú ós rud é go bhféadfadh sé go raibh éifeachtaí diúltacha ón bpaindéim thuasluaite ar thionscal an Aontais ag tarlú ag an am céanna leis na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe.

(152) I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún tagairt d'aithris (203) den Rialachán sealadach, inar admhaigh sé go raibh tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais, go háirithe in 2020 nuair a bhí ar láithreáin táirgthe thionscal an Aontais dúnadh ar bhonn sealadach agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh paindéim COVID-19 leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Mar sin féin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún go raibh meathlú ar staid airgeadais thionscal an Aontais tosaithe cheana roimh an bpaindéim agus lean sé ar aghaidh sa tréimhse téarnaimh tar éis COVID-19, lena n-áirítear sa tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí paindéim COVID-19 a mheas mar phríomhchúis na díobhála do thionscal de chuid an Aontais a mhéid go dtiocfadh maolú ar an nasc cúisíoch idir díobháil den sórt agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

5.2.3. *Éabhlóid an chostais táirgthe*

(153) In éagmais barúlacha maidir le héabhlóid an chostais táirgthe, deimhnítear na conclúidí a leagtar amach in aithrisí (206) go (209) den Rialachán sealadach.

5.2.4. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(154) Tar éis an nochta shealadaigh, léirigh CISA go raibh allmhairí thionscal an Aontais suntasach, cothrom le 22 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Rinne sé tagairt thairis sin do Thábla 14 den Rialachán sealadach, á thaispeáint gur thit méid na n-onnmhairí ó thionscal an Aontais 7 bpointe céatadáin agus gur thit praghsanna onnmhairiúcháin suas le 6 phointe céatadáin. Mhaígh CISA go raibh tionchar suntasach ag an bhforbairt dhiúltach a bhain le díolacháin onnmhairí ar fheidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán thionscal an Aontais.

(155) D'easaontaigh CANPACK le conclúid an Choimisiúin nár leor feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais chun an nasc cúisíoch a mhaolú, toisc go dtaispeántar go soiléir le Tábla 14 sa Rialachán sealadach go raibh praghas díola tháirgeoirí de chuid an Aontais le tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach ar leibhéal a bhí comhchosúil le praghsanna ECCS de thionscnamh na Síne. Mheas CANPACK nárbh inchreidte argóint tháirgeoirí an Aontais gurbh í an chúis le díol lasmuigh den Aontas nach bhfuil tionscal an Aontais in ann é a dhíol laistigh de mhargadh an Aontais, d'ainneoin ardéileamh a bheith ag úsáideoirí an Aontais ar ECCS.

(156) Mheas Rialtas na Brasaíle, i bhfianaise mhéid onnmhairí thionscal an Aontais a bheith níos airde ná na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe, nárbh fhéidir a mheas gur toisc mhionchúiseach í an fheidhmíocht onnmhairiúcháin.

(157) Maidir le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, tháinig méadú ar mhéid na n-onnmhairí ar dtús in 2019 agus 2020 sular tháinig laghdú air sa tréimhse imscrúdúcháin, cé gur tháinig laghdú ar na meánphraghsanna onnmhairiúcháin ó 2020. Bhí an treocht sin comhfhreagrach le méadú de bheagán ar dhíolacháin an Aontais ag tionscal an Aontais idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Ní cosúil dá bhrí sin go bhfuil tionchar láidir ag an laghdú de bheagán a tháinig ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar fheidhmíocht eacnamaíoch fhoriomlán thionscal an Aontais, feidhmíocht ar ar tháinig meathlú níos mó le linn na tréimhse céanna. Thairis sin, is ar dhíolacháin an Aontais amháin atá brabúsacht dhiúltach na bhfigiúirí i dTábla 12 den Rialachán sealadach bunaithe, agus dá bhrí sin, ní de thoradh aon chaillteanas onnmhairiúcháin féideartha iad. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid in aithris (213) den Rialachán sealadach cé go mb'fhéidir gur rannchuir an laghdú ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, ní leor an laghdú sin chun an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a mhaolú, i bhfianaise chion ard dhíolacháin an Aontais i gcomparáid le díolacháin onnmhairí. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh na bpáirtithe leasmhara ina leith sin.

5.2.5. *Éifeacht na gconarthaí bliantúla*

(158) Tar éis an nochta shealadaigh, d'easaontaigh CANPACK leis an argóint gur theoranta éifeacht na gconarthaí fadtéarmacha (bliantúla), idir na soláthróirí de chuid an Aontais agus a gcustaiméirí san Aontais ar an díobháil a suíodh do thionscal an Aontais, agus nach féidir leis an éifeacht sin an nasc cúisíoch a mhaolú. De réir CANPACK, mar a léirítear in aithris (214) den Rialachán sealadach, bíonn díolacháin do thionscal an Aontais bunaithe ar chonarthaí bliantúla lena socraítear na cainníochtaí agus na praghsanna don bhliain dár gcionn, agus ní thugtar leo do tháirgeoirí an Aontais ach corrlach íosta (más ann dó) chun praghsanna díola a mhéadú i gcomhthéacs praghsanna amhábhar a bheith ag méadú le linn chur i bhfeidhm an chonartha bhliantúil. Bunaíonn táirgeoirí de chuid an Aontais a dtairiscintí ar phraghsanna measta na n-amhábhar agus na gcostas táirgthe don bhliain dár gcionn, agus an riosca go mbeidh athruithe ann á mheas (sa chleachtas tarlaíonn na caibidlí maidir leis na praghsanna don bhliain dár gcionn sa cheathrú ráithe den bhliain roimhe).

(159) Ina leith sin, thagair an Coimisiún d'aithris (208) den Rialachán sealadach, inar tugadh dá aire nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú, tréimhse lena gcumhdaítear breis agus 3 bliana. Ós rud é gur breathnaíodh an patrún sin le linn tréimhse fada, níorbh fhéidir é a mhíniú leis an méadú ar chostas na n-amhábhar amháin ach oiread le héifeacht na gconarthaí bliantúla i dtéarmaí praghsanna seasta.

(160) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh aithrisí (214) go (215) den Rialachán sealadach.

5.2.6. *Tomhaltas*

(161) Tar éis an nochta shealadaigh, tharraing CISA agus Eviosys anuas an laghdú ar an tomhaltas mar thoisc ábhartha agus an chúisíocht á breithniú. I ndiaidh nochtadh deiridh, d'athdhearbhaigh CISA a mhaíomh leis an argóint go bhféadfadh an laghdú ar an tomhaltas an nasc cúisíoch a suíodh a bheith idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a suíodh, a bhriseadh. Mar sin féin, níor thug siad bunús iomlán lena gcuid maíomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(162) D'easaontaigh Rialtas na Brasaíle le conclúid an Choimisiúin in aithris (218) den Rialachán sealadach nárbh fhéidir crapadh 3 % ar éileamh an mhargaidh a mheas mar chúis díobhála lena maolaítear an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a suíodh. De réir Rialtas na Brasaíle, tá sé de chumas ag an laghdú ar an margadh difear a dhéanamh do mhéid táirgeachta agus do chostais sheasta an tionscail intíre freisin agus ba cheart anailís a dhéanamh air sin i gcomhpháirt le tosca eile as a n-eascraíonn na héifeachtaí céanna.

(163) Ina leith sin, ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (217) den Rialachán sealadach gurbh amhlaidh, d'ainneoin chrapadh 3 % an mhargaidh, gur fhan figiúirí díolachán an Aontais seasta, rud lenar léiríodh nárbh é caillteanas méideanna i ngeall ar an éileamh a bheith ag titim ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, ach an brú ar phraghsanna a bhain leis na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus dheimhnigh aithrisí (216) go (218) den Rialachán sealadach.

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(164) Chuaigh méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar den mhargadh i méid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé go ndeachaigh a bpraghsanna i laghad. Tharla sé sin i gcomhuain leis an meathlú a tháinig ar staid eacnamaíoch thionscalan Aontais. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil nasc cúisíoch soiléir idir na hallmhairí sin agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(165) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Rialtas na Brasaíle nár dheighil ná nár idirdhealaigh an Coimisiún i gceart na héifeachtaí a bhí ag feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, ag an laghdú a tháinig ar thomhaltas an Aontais agus ag éifeachtaí phaindéim COVID-19 ó na héifeachtaí a d'eascair as na hallmhairí dumpáilte agus rinne tagairt don rialú ón gComhlacht Achomhairc in *SAM – Cruach Theorollta* (mír 226).

(166) D'iarr Rialtas na Brasaíle ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar na trí thoisc sin, ar bhonn carnach dá mb'fhéidir, i ndáil lena n-iarmhairtí ó thaobh aschur agus chostais sheasta thionscal an Aontais agus na héifeachtaí sin a dheighilt agus a idirdhealú ó na héifeachtaí úd a eascraíonn as na hallmhairí dumpáilte líomhnaithe.

(167) Mhaígh Eviosys nárbh fhéidir leis an Aontas a phraghsanna díola a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé go raibh méadú ar an gcostas táirgthe roimhe, i ngeall ar an laghdú a bhí ag teacht ar an éileamh agus i ngeall ar phaindéim COVID-19. Mheas Eviosys gur cheart don Choimisiún measúnú níos cúraimí a dhéanamh ar an tionchar atá ag tosca eile ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(168) Mheas CANPACK freisin go ndearna an Coimisiún gannmheastachán ar an tionchar a bhí ag tosca eile. Go háirithe, d'easaontaigh siad nár leordhóthanach tionchar phaindéim COVID-19 agus easpa na n-amhábhar ar mhargadh an Aontais chun an nasc cúisíoch a mhaolú idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(169) Tar éis nochtadh deiridh, d'áitigh CISA freisin nár thug an Coimisiún aghaidh go leormhaith ar na héifeachtaí arbh í paindéim COVID-19 ba chúis leo agus gur socraíodh an tréimhse imscrúdúcháin ar fad le linn an tionchair ba shuntasaí ó thaobh an gheilleagair de a bhain leis an bpaindéim sin. Thairis sin, mhaígh CISA gurbh iad na hinfheistíochtaí a rinne na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, agus iad sin amháin, a mhínigh an bhrabúsacht laghdaithe agus staid an tionscail intíre a d'eascair aisti.

(170) Ina leith sin, dheimhnigh an Coimisiún, mar a shonraítear in aithris (220) den Rialachán sealadach, gur idirdhealaigh agus gur dheighil sé éifeachtaí na dtosca uile ab eol ar staid thionscal an Aontais ó éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte.

(171) A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí, bhreathnaigh an Coimisiún gur ag an gcuideachta ag a raibh na méideanna infheistíochtaí ab airde a bhí an fheidhmíocht ab fhearr i measc na gcuideachtaí sampláilte. Dá bhrí sin, ní raibh aon nasc díreach idir brabúsacht thionscal an Aontais agus na hinfheistíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. In ionad sin, ba ghá infheistíochtaí agus ceanglaíodh iad ó thaobh an dlí de agus, in éineacht leis na costais iomlána, ba cheart gurbh fhéidir iad a mhaoiniú le brabúis réasúnta i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, in éagmais na n-allmhairí dumpáilte. Dá réir sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(172) Rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na dtosca eile agus barúlacha na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh agus ba é a chonclúid nár mhaolaigh na tosca sin an nasc cúisíoch. Go deimhin, maidir le tosca amhail paindéim COVID-19 nó conarthaí díolacháin bliantúla le praghsanna seasta le haghaidh na bliana ar fad in éineacht leis an laghdú ar an éileamh ar ECCS le linn na tréimhse faoi bhreathnú, b'fhéidir go raibh tionchar acu siúd ar fheidhmíocht thionscal an Aontais. Mar sin féin, níor mhínigh na tosca sin an brú ar phraghsanna a bhain do thionscal an Aontais le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú agus, go háirithe, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(173) Thosaigh an meathlú a tháinig ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais roimh phaindéim COVID-19 agus sular cuireadh isteach ar an soláthar amhábhar. Thairis sin, i ngnáth-thimpeallacht iomaíoch, ba cheart do thionscal an Aontais a bheith in ann a phraghsanna díola a mhéadú tar éis do mhéadú a bheith tagtha ar chostas na n-ábhar ionchuir; dá bhrí sin, níorbh fhéidir a mhíniú, le héifeacht na gconarthaí bliantúla, an fíoras nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a mhéadú le haghaidh na tréimhse ar fad faoi bhreathnú chun leanúint de bheith brabúsach.

(174) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí in aithrisí (219) go (221) den Rialachán sealadach.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

6.1. Ríomh an chorrlaigh gearrdhíola

(175) Tar éis an nochta shealadaigh, shonraigh CISA ina bharúil, de réir an mhéid a thuig sé féin, nár cuireadh san áireamh leis an gcoigeartú arna nascadh le costais chomhshaoil thodhchaíocha, aon chúiteamh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo do thionscal an Aontais chun méaduithe ar phraghsanna leictreachais a fhritháireamh. Ina leith sin, dheimhnigh an Coimisiún nár cuireadh cúitimh den sórt sin san áireamh i ríomh na gcostas comhshaoil todhchaíoch.

(176) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CSN maidir leis an gcostas todhchaí EUR/tona [10-20)] a luaitear in aithris (228) den Rialachán sealadach, costas a chuirtear leis an bpraghas neamhdhíobhálach, gur chostas treallach, amhantrach a bhí ann lenar saobhadh an inchomparáideacht praghais idir díolacháin an Aontais agus na Brasaíle. Chuir CSN i dtábhacht gurbh amhlaidh, laistigh de Chomhaontú AE-Mercosur, go ndearna an Bhrasaíl gealltanais láidre maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, go hairithe maidir le caighdeáin agus comhaontuithe saothair iltaobhacha, comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, agus an trádáil agus an athrú aeráide. Dar le CSN, tá cosaint á tairiscint ag an gCoimisiún do tháirgeoirí de chuid an Aontais de bhreis ar an méid is gá chun an dumpáil dhíobhálach a bhaint agus d'iarr ar an gCoimisiún gan costas breise todhchaíoch a chur leis i leith na Brasaíle.

(177) D'áitigh Rialtas na Brasaíle roimh agus tar éis nochtadh deiridh gur áiríodh sa phraghas neamhdhíobhálach na costais atá bainteach leis an gcomhlíontacht le comhaontuithe idirnáisiúnta eile (amhail Comhaontú Pháras agus na comhaontuithe a síníodh faoi choimirce na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair), cé nach léirítear leo éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte ar bhealach ar bith. Ina theannta sin, d'áitigh Rialtas na Brasaíle maidir leis an gcorrlach brabúis a úsáideadh chun praghas neamhdhíobhálach an 6 % a ríomh, nár baineadh amach riamh é le linn thréimhse na hanailíse ar dhíobháil, dá bhrí sin, trí bhíthin corrlach brabúis 6 % a úsáid chun an praghas neamhdhíobhálach a ríomh, go ndéanfaidh an Coimisiún éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte líomhnaithe a fhritháireamh agus tuilleadh thairis sin, rud lena mbeifear ag claonadh ón gcuspóir a leagtar amach i mír 2 d'Airteagal VI de GATT 1994. Dá bhrí sin, d'iarr Rialtas na Brasaíle ar an gCoimisiún na costais bhreise a bhaint amach as an bpraghas neamhdhíobhálach.

(178) Ina leith sin, chuir an Coimisiún in iúl gur cuireadh costais thodhchaíocha san áireamh faoi Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, gan beann ar an staid ná ar chur i bhfeidhm caighdeán comhshaoil agus saothair i dtríú tír, agus/nó comhaontuithe déthaobhacha agus/nó iltaobhacha a bhfuil na tíortha faoi seach ina bpáirtithe leo. Chuir an Coimisiún an bun-Rialachán i bhfeidhm, lena ndírítear go heisiach ar chostas táirgthe thionscal an Aontais, lena n-áirítear *inter alia* costais thodhchaíocha féideartha a eascróidh as Comhaontuithe agus as Coinbhinsiúin dá dtagraítear san fhoráil sin. Ní cheanglaítear leis an bhforáil sin go léireofar leis na costais thodhchaíocha sin éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte. An iarraidh chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme comhaontuithe comhchosúla nó Chomhaontú AE-Mercosur (atá le teacht i bhfeidhm fós) ag an mBrasaíl, ní bhaineann sí le hábhar sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ó Rialtas na Brasaíle.

(179) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (228) go (232) den Rialachán sealadach.

(180) Chun an corrlach gearrdhíola a shuíomh, chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha Baosteel maidir le neamhshiméadracht fhéideartha, d'úsáid an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin ríofa le haghaidh Baosteel a suíodh de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, a chuirtear i bhfeidhm de réir analaí, agus chuir sé an praghas úd i gcomparáid le spriocphraghas thionscal an Aontais nár áiríodh ann costais díola, ghinearálta agus riaracháin eintitis díola ghaolmhara Arcelor Mittal. An spriocphraghas a suíodh amhlaidh, úsáideadh é sna ríomhanna maidir leis an ngearrdhíol le haghaidh na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile. Dá thoradh sin, níor cuireadh aon chostas de chuid na n-eintiteas díola gaolmhar ag táirgeoirí an Aontais san áireamh agus, dá thoradh sin, ní raibh aon neamhshiméadracht ann a thuilleadh. An cur chuige maidir le gan costais na n-eintiteas díola gaolmhar ag táirgeoirí an Aontais a chur san áireamh, dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta le déanaí é ([21]).

([21]) Féach breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022, *Methanol Holdings (Trinidad) v an Coimisiún,* Cás T-744/19, ECLI:AE:T:2022:558, mír 103.

(181) Agus an cur chuige céanna á leanúint agus atá in aithris (234) den Rialachán sealadach, chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh ghearrdhíola ansin agus ar bhonn comparáide idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sna tíortha lena mbaineann, agus meánphraghas neamhdhíobhála ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh aon difríocht a d'eascair as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach allmhairiúcháin ualaithe maidir le CAL. I gcás cuideachtaí comhoibríocha eile i nDaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh, d'úsáid an Coimisiún meánchorrlaigh ualaithe an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

(182) Mar a fhoráiltear in Airteagal 9(4), an tríú fomhír, den bhun-Rialachán, agus de bharr nár chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn na tréimhse réamhnochta, rinne sé anailís ar fhorbairt na méideanna allmhairí chun a shuí ar tháinig méadú substaintiúil eile ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn thréimhse 4 seachtaine an réamhnochta ar a dtugtar tuairisc in aithris (7), agus dá bhrí sin cé acu ba ghá nó nár ghá an díobháil bhreise mar thoradh ar mhéadú den sórt sin a léiriú agus an corrlach gearrdhíola á chinneadh.

(183) Bunaithe ar shonraí ó bhunachar sonraí Surveillance 2, bhí na méideanna allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse réamhnochta 58 % níos airde ná na méideanna allmhairí ar an meán sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn 4 seachtaine. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh ardú substaintiúil ar allmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

(184) Chun léiriú a thabhairt ar an díobháil bhreise a tharla mar gheall ar an méadú ar allmhairí, chinn an Coimisiún an leibhéal díothaithe díobhála a choigeartú bunaithe ar an ardú ar mhéid na n-allmhairí, rud a bhreithnítear mar an toisc ualaithe ábhartha bunaithe ar fhorálacha Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán. Ríomh sé dá bhrí sin toisc iolraitheach a suíodh trí shuim mhéid na n-allmhairí le linn na 4 seachtaine den tréimhse réamhnochta de 10 109 dtona agus 52 sheachtain den tréimhse imscrúdúcháin, a roinnt ar mhéid na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin arna n-eachtarshuí go 56 sheachtaine. Léiríonn an figiúr a leanann as, 4,1 %, an díobháil bhreise a tharla de bharr an mhéadaithe breise ar allmhairí. Iolraíodh na corrlaigh dhíobhála chinntitheacha faoin toisc úd mar sin.

(185) Dá bhrí sin, is é seo a leanas an corrlach gearrdhíola cinntitheach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus le haghaidh gach cuideachta eile:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach (%)	Corrlach ganndhíola cinntitheach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Baoshan Iron & Steel Co., Ltd.	30,7	33,9
	Handan Jintai Packing Material Co., Ltd.	53,9	23,9
	Cuideachtaí comhoibríocha eile: GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd.; Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	34,6	32,2
	Gach cuideachta eile	77,9	77,9
An Bhrasaíl	Companhia Siderúrgica Nacional	66,8	53,2
	Gach cuideachta eile	66,8	53,2

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach leordhóthanach chun an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, i ndáil le Dhaon-Phoblacht na Síne, a bhaint**

(186) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Jintai a bharúil in iúl maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Chuir sé in aghaidh saobhadh a bheith ann (tarraingt siar lacáiste CBL), in aghaidh na cúisíochta idir an saobhadh sin agus na praghsanna ar mhargadh na Síne, mar aon leis an iomchuibheas i dtaca le praghsanna na Brasaíle a úsáid mar thagarmharcanna idirnáisiúnta.

(187) Ar an gcéad dul síos, suíodh gurbh ann do shaobhadh a bhaineann le tarraingt siar lacáiste CBL i gcás cornaí teorollta nó "HRC" (Cód AC 7208 27) agus gur tharla an saobhadh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin iomláine. Tá an fhaisnéis sin ar fáil sa doiciméad *Customs Import and Export Tariff of the People's Republic of China*. Maidir le laghdú ar aisíocaíocht CBL nó tarraingt siar CBL, is ceann é sin de na staideanna a liostaítear go sonrach in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, rud as a n-eascraíonn saobhadh maidir le hamhábhair.

(188) Ar an dara dul síos, mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, gur leormhaith a shuíomh gurb ann do shaobhadh (tarraingt siar lacáiste CBL anseo) agus gurb ísle praghsanna amhábhar intíre na Síne agus iad i gcomparáid le praghsanna i margaí ionadaíocha idirnáisiúnta. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil san fhoráil sin chun an chúisíocht idir an saobhadh sin agus na praghsanna níos ísle ar mhargadh na Síne a chruthú faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme.

(189) An tríú pointe, breathnaíodh difríocht shuntasach sa phraghas le linn na tréimhse imscrúdúcháin idir praghsanna ceannaigh na gcornaí teorollta ag Jintai agus an praghas intíre díreach ón monarcha ar chornaí teorollta sa Bhrasaíl mar aon le difríocht sna praghsanna ón Tuirc (praghas intíre díreach ón monarcha) (iad araon foinsithe ó Metal Bulletin). Mar a mhínítear in aithris (242) den Rialachán sealadach, bhí na praghsanna sin cuid mhaith níos airde ná na praghsanna ionchuir ag Jintai, sa raon idir [10-30] % agus [30-50] %.

(190) Ar deireadh, rinne an Coimisiún anailís ar cé acu a bhí praghsanna na Tuirce agus na Brasaíle iomchuí agus ionadaíoch ar mhargaí idirnáisiúnta de réir Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, nó nach raibh. Thug an Coimisiún dá aire ón tús, in éagmais rialacha sonracha a bheith ann maidir leis na praghsanna iarbhír a bhí le húsáid sa bhun-Rialachán, go bhfuil lamháil leathan discréide ag an gCoimisiún maidir le dlí-eolaíocht ábhartha na gCúirteanna Eorpacha. Maidir le substaint an mhaímh, thug an Coimisiún dá aire go raibh líon ard de phraghsanna tagarmhairc ar fáil ó fhoinsí amhail Metal Bulletin agus nach raibh aon mheánphraghas ab oiriúnaí ar fáil, mar shampla, nach raibh aon tagarmharc ann a bhí comhiomlánaithe de réir réigiún a d'fhéadfaí a úsáid chun críche an imscrúdaithe. Trí phraghsanna intíre na Tuirce agus na Brasaíle ar chornaí teorollta a chur i gcomparáid le dornán na dtagarmharcanna idirnáisiúnta féideartha eile a bhí ar fáil in Metal Bulletin, thug an Coimisiún dá aire go raibh roinnt praghsanna níos airde agus roinnt níos ísle, rud a thacaíonn leis an gconclúid maidir le hionadaíochas phraghsanna na Brasaíle agus na Tuirce mar thagarmharc idirnáisiúnta iomchuí. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur an-shuntasach iad bunchainníochtaí na gcornaí teorollta a bhí á dtrádáil sa Bhrasaíl.

(191) Mhaígh Jintai freisin gur saobhadh praghsanna intíre na Brasaíle ar chornaí teorollta i ngeall ar phaindéim COVID. Chun na críche sin, chuir Jintai praghsanna cornaí teorollta sa Bhrasaíl agus sa tSín i gcomparáid le chéile. Mar sin féin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an chomparáid sin a chur san áireamh toisc, mar a shuitear in aithris (75) den Rialachán sealadach agus mar a dheimhnítear in aithris (46) thuas, bhí praghsanna amhábhar an táirge lena mbaineann ag an tSín, cornaí teorollta san áireamh, faoi réir saobhadh suntasach. Thairis sin, mar a léirítear thuas in aithris (55), bhí an méadú ar phraghsanna i margadh intíre na Brasaíle gaolmhar le méadú domhanda ar phraghsanna táirgí cothroma cruach. Ar deireadh, bhí praghsanna Jintai ar chornaí teorollta cuid mhaith níos ísle ná praghsanna intíre díreach ón monarcha ag an Tuirc a foinsíodh ó Metal Bulletin.

(192) Tar éis nochtadh deiridh, chuir Jintai barúlacha breise in iúl maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Mhaígh sé gur coinníoll riachtanach í saobhadh a bheith ann, ach nach coinníoll leormhaith í. Chuir Rialtas na Síne barúil chomhchosúil in iúl tar éis nochtadh deiridh. Thug an Coimisiún dá aire go bhforáiltear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán gurb ann do shaobhadh más amhlaidh, i ngeall ar roinnt beart a shainaithnítear san fhoráil sin, go bhfuil praghas amhábhair "*cuid mhaith níos ísle i gcomparáid le praghsanna i margaí ionadaíocha idirnáisiúnta*" agus go mbeidh i gceist leis an amhábhar sin méid nach lú ná 17 % de na costais táirgthe. Ciallaíonn an dá choinníoll sin maidir leis an saobhadh a shainaithnítear mar shaobhadh tromchúiseach, go bhfuil sé an-dóchúil go rachaidh sé i bhfeidhm ar iomaíochas thionscal na Síne, agus go mbeidh sé ina chúis le díobháil

bhreise do thionscal an Aontais an tráth céanna. Ina theannta sin, mheabhraigh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den Bhun-Rialachán, go ndearnadh anailís bhreise sula ndearnadh cinneadh maidir le cé acu a chuirfí Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán i bhfeidhm nó nach gcuirfí. Agus an anailís ábhartha á déanamh sa chomhthéacs sin, tá lamháil leathan discréide ag an gCoimisiún ([22]). Ní uathoibríoch é cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán dá bhrí sin mar a mhaíonn Jintai, ach toradh anailíse cuimsithí.

(193) Mar chonclúid, níor chuir na páirtithe aon fhianaise dhochloíte isteach nach raibh na praghsanna intíre díreach ón monarcha ag an mBrasaíl agus ag an Tuirc ionadaíoch ar mhargaí idirnáisiúnta. Dheimhnigh an Coimisiún, dá bhrí sin, a chonclúid shealadach chun na praghsanna sin a mheas mar thagarmharc idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(194) I bhfianaise an mhéid thuasluaite, diúltaíodh do mhaíomh Jintai agus deimhníodh aithrisí (235) go (243) den Rialachán sealadach

(195) I gcomhréir le haithris (239) den Rialachán sealadach, d'imscrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh cé acu a bhí amhábhair fhéideartha eile amhail cornaí fuar-rollta faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) nó nach raibh. Shuigh an Coimisiún nach raibh aon chuid de na hamhábhair a bhí i gceist le breis agus 17 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dheimhnigh an Coimisiún thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte eile, Baosteel, nár cheannaigh cornaí teorollta sa tSín, nach raibh aon bhunús le modhnú riail na dleachta is lú ós rud é go raibh an corrlach dumpála níos ísle ná an corrlach gearrdhíola.

(196) Tar éis an nochta shealadaigh, thagair Rialtas na Síne d'Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, á áitiú gurb é an cuspóir a bhíonn i gceist le measúireacht a dhéanamh ar cé acu a dhéantar amhábhair a shaobhadh nó nach ndéantar, scrúdú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála leordhóthanach chun an díobháil a bhaint. De réir Rialtas na Síne, ní gá go gciallaíonn saobhadh a bheith ann maidir le hamhábhair gur cheart an corrlach díobhála a ardú go dtí leibhéal an chorrlaigh dumpála. Mhaígh Rialtas na Síne nach ndearna an Coimisiún aon mheasúnú ar cé acu ba leordhóthanach an corrlach gearrdhíola chun deireadh a chur le díobháil nó nach raibh agus gur chuir an Coimisiún an corrlach dumpála i bhfeidhm go díreach, rud atá contrátha do cheanglais agus do chuspóir dhlí an Aontais.

(197) Thagair Jintai d'imscrúduithe a rinneadh le déanaí inar shocraigh an Coimisiún an corrlach díobhála ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola, agus mhaígh gurbh amhlaidh leis an gcorrlach sin, go mbainfí an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Fiú dá measfadh an Coimisiún nach leordhóthanach an corrlach gearrdhíola do Jintai chun an díobháil a bhaint, níor cheart an corrlach díobhála a shocrú go huathoibríoch ar leibhéal an chorraigh dumpála ach ba cheart é a chinneadh le modh réasúnta eile. Dá bhrí sin, d'iarr Jintai ar an gCoimisiún an corrlach gearrdhíola ríofa a úsáid chun an leibhéal a chinneadh lena gcuirfí deireadh leis an díobháil, nó corrlach díobhála réasúnta eile a ríomh le haghaidh Jintai.

(198) Ina leith sin, thug an Coimisiún dá aire go bhforáiltear le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán *"nuair a bheidh scrúdú á dhéanamh ar cé acu ba leormhaith dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun díobháil a bhaint nó nárbh ea, cuirfidh an Coimisiún san áireamh cé acu an ann do shaobhadh amhábhar i ndáil leis an táirge lena mbaineann"* agus go sonraítear le hAirteagal 7(2b) *"i gcás inar féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na faisnéise uile a cuireadh isteach, teacht ar chonclúid shoiléir go bhfuil sé chun leasa an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le mír 2a den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo"*. I gcás ina suífidh an Coimisiún gurb ann do shaobhadh amhábhar i ndáil leis an táirge lena mbaineann agus inarb é a chonclúid gur chun leasa an Aontais é méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh ar leibhéal na dumpála, ní cheanglaítear ar an gCoimisiún ná níl sé i dteideal *"corrlach díobhála réasúnta eile"* a ríomh seachas an corrlach dumpála arna iarraidh ag Jintai. I ngach cás inarb é an chonclúid go bhfuil údar le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, cosúil leis an gcás atá ann faoi láthair, i bhfianaise na díobhála breise a bhain do thionscal an Aontais i ngeall ar an saobhadh amhábhar a bheith sa tír is onnmhaireoir, meastar maidir leis an leibhéal dleachta, a bhreithnítear gá a bheith leis chun an díobháil bhreise sin a bhaint, gur iomchuí é a shocrú faoi threoir an chorrlaigh dumpála. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaímh Rialtas na Síne agus Jintai agus dheimhnigh go gcuirfí an corrlach i bhfeidhm chun méid na dleachta a shocrú ar leibhéal na dumpála i leith Jintai, mar a leagtar amach in aithris (277) den Rialachán sealadach.

([22]) Féach Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022, *Nevinnomysskiy Azot agus NAK "Azot" v an Coimisiún, Cás* T-865/19, ECLI:AE:T:2022:559, mír 377.

(199) Dá bhrí sin, tá aithrisí (275) go (280) den Rialachán sealadach deimhnithe.

7. **LEAS AN AONTAIS**

7.1. **Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán**

(200) Ag céim shealadach, ba é conclúid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán gur léir gur chun leasa an Aontais an ráta dleachta le haghaidh Jintai a shocrú ar leibhéal an chorrlaigh dumpála a suíodh i ngeall ar shaobhadh amhábhar a bheith ann.

7.1.1. *Inniúlachtaí breise sa tír is onnmhaireoir*

(201) In éagmais barúlacha maidir le hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, deimhnítear aithrisí (245) go (246) den Rialachán sealadach.

7.1.2. *Iomaíocht le haghaidh amhábhar*

(202) Tugadh aghaidh ar an gceist ghaolmhar maidir le praghsanna intíre ar chornaí teorollta ag an tSín in aithrisí (186) go (194). In éagmais barúlacha níos sonraí maidir le hiomaíocht le haghaidh amhábhar, deimhnítear aithrisí (247) agus (248) den Rialachán sealadach.

7.1.3. *Éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais*

(203) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Eviosys, Astir Vitogiannis agus CANPACK maímh bhreise isteach á áitiú nach bhfuil tionscal an Aontais i riocht na cainníochtaí ECCS is gá a sholáthar, rud a thugann orthu a bheith ag brath ar allmhairí de chuid na Síne. Mhaígh siad freisin nach rogha mhalartach iad allmhairí ó thríú tíortha eile i ngeall ar na próisis fhada chasta bhailíochtaithe, nach bhfuil fáil ar raon leordhóthanach sonraíochtaí, agus i ngeall ar na cuótaí taraife faoi bhearta coimirce an Aontais.

(204) Rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar an bhfianaise uile a sholáthair úsáideoirí de chuid an Aontais agus tionscal an Aontais ina leith sin.

(205) Cé go bhfuil leibhéil an-difriúil i gceist lena mhéid a bhraitheann na trí úsáideoir ar allmhairí de chuid na Síne, bhreathnaigh an Coimisiún gur an-bheag an cion de ECCS ón tSín a ceannaíodh ó Jintai agus gur ó Baosteel a ceannaíodh formhór na gcainníochtaí, rud nach ndéanfar difear dó le cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán i leith Jintai ná ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha neamhshampláilte de chuid na Síne.

(206) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán le haghaidh Jintai, rud lena ndéanfar difear do leibhéal na ndleachtanna le haghaidh na n-onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha de chuid na Síne freisin, nach n-eascródh bristeacha tromchúiseacha ar an slabhra luacha le haghaidh na n-úsáideoirí an Aontais as sin. Go deimhin, d'fhéadfaidís ECCS a sholáthar ó Baosteel agus ón dá chuideachta eile de chuid na Síne ar chuideachtaí comhoibríocha iad ach nár sampláladh. B'amhlaidh gur dheimhne fós é sin i bhfianaise go n-athmheastar an dleacht frithdhumpála chinntitheach le haghaidh Baosteel síos go suntasach de thoradh na gcoigeartuithe a mhínítear in aithrisí (57)-(60), rud a bhí ina chúis le hathmheas síos ar an dleacht le haghaidh na n-onnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte freisin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh úsáideoirí ECCS a allmhairiú ó thríú tíortha eile freisin nach bhfuil faoi réir bearta frithdhumpála.

7.1.4. *Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán*

(207) Dheimhnigh an Coimisiún a chonclúid in aithrisí (252) agus (253) den bhun-Rialachán go bhfuil sé chun leasa an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha i ndáil le Jintai a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

7.2. **Leas an Aontais faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán**

7.2.1. *Leas thionscal an Aontais*

(208) In éagmais barúlacha maidir le leas thionscal an Aontais, deimhnítear aithrisí (255) agus (256) den Rialachán sealadach.

7.2.2. *Leas úsáideoirí, allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara*

(209) Tar éis an nochta shealadaigh, d'easaontaigh triúr úsáideoirí, eadhon, Eviosys, CANPACK agus Astir Vitogiannis, go láidir le conclúid tosaigh an Choimisiúin maidir le leas an Aontais agus d'athdhearbhaigh na maímh dá gcuid go bhfuil roinnt saincheisteanna soláthair tromchúiseacha ann agus úsáideoirí ag cur orduithe isteach le táirgeoirí ECCS de chuid an Aontais, rud as a n-eascraíonn ganntanas ar mhargadh an Aontais agus go bhfuil cion suntasach den ECCS a tháirgeann siad á onnmhairiú ag táirgeoirí de chuid an Aontais.

(210) Chuir an triúr úsáideoirí thuasluaite fianaise áirithe isteach faoi dhiúltú táirgeoirí de chuid an Aontais nó faoin dodhéantacht a bhíonn i gceist leo maidir leis na cainníochtaí ECCS arna n-iarraidh a sholáthar, mar aon le fianaise faoi fhadhbanna maidir le méideanna comhaontaithe a sheachadadh ina n-iomláine agus go tráthrialta.

(211) Chuir Eviosys údair imní in iúl go bhfuil beirt táirgeoirí de chuid an Aontais, ThyssenKrupp agus ArcelorMittal, ag teacht i dtír ar a staid sa mhargadh inar beirt de na príomhimreoirí iad ag a bhfuil sciar comhcheangailte an-ard den mhargadh agus cosaint shuntasach cheana féin, i ngeall ar na bearta coimirce atá i bhfeidhm, ó allmhairí, trí bheartas a shaothrú lena n-ardaítear praghsanna as cuimse, go háirithe ó 2021.

(212) D'easaontaigh Eviosys, CANPACK agus Astir Vitogiannis le conclúid an Choimisiúin go bhfuil acmhainneacht táirgeachta leordhóthanach ag tionscal an Aontais chun an t-éileamh ar mhargadh an Aontais a chumhdach. Dar leosan, fiú dá mba rud é gurbh fhíor go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ag tionscal an Aontais agus go bhféadfadh sé, go teoiriciúil, a bheith in ann freastal ar mhargadh an Aontais, is é an réaltacht atá ann nach bhfuil táirgeoirí an Aontais toilteanach éilimh a gcustaiméirí ar na méideanna a sholáthar, nó nach féidir leo iad a chomhlíonadh agus os cionn 20 % dá n-aschur iomlán á onnmhairiú acu. Dar le Astir Vitogiannis, fiú i gcás acmhainneacht theoiriciúil thionscal an Aontais, agus é ag oibriú ar ráta úsáide acmhainneachta 100 %, níor leordhóthanach é chun éilimh iomlána an Aontais a chomhlíonadh. Aon bhriseadh nó *force majeure* ar thaobh tháirgeoirí an Aontais, agus is iomaí cás dá leithéid a tharla roimhe, déanann sé an-dochar dá n-aschur de ECCS agus, dá thoradh sin, téann sé i bhfeidhm ar inmharthanacht na dtionscal le sruth a bhraitheann go mór ar thionscal na soláthróirí comhchruinnithe sin. D'athdhearbhaigh CANPACK a mhaíomh tar éis nochtadh deiridh.

(213) Os a choinne sin, d'áitigh tionscal an Aontais arís eile go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aige chun an t-éileamh ar mhargadh an Aontais a chumhdach agus go bhféadfadh sé díolacháin onnmhairí a atreorú chuig margadh an Aontais chun an t-éileamh a shásamh, rud atá tarlaithe cheana féin. Mhaígh táirgeoirí an Aontais freisin gur de thoradh nithe ar ghá a chur san áireamh ó thaobh praghsanna de a tharla na saincheisteanna a bhí ann roimhe maidir le soláthar, seachas ganntanais táirgeachta agus soláthair. Shonraigh tionscal an Aontais thairis sin go bhfuil an t-éileamh san Aontas ag titim faoi láthair agus go mbeadh an fhéidearthacht acu cainníochtaí breise a sholáthar dá bhrí sin.

(214) Mhaígh CANPACK, tar éis nochtadh sealadach agus nochtadh deiridh araon, go bhfuil an staid tar éis na tréimhse imscrúdúcháin agus réaltacht an mhargaidh iontach difriúil, ón méid a d'fhág go raibh bunús ag táirgeoirí ECCS de chuid an Aontais an t-imscrúdú a thionscnamh, agus an staid a bhí ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Faoi láthair, is comparáidí leibhéal na bpraghsanna ECCS a thairgeann táirgeoirí de chuid na Síne, nó is airde é fiú ná leibhéal na bpraghsanna atá ar mhargadh an Aontais. D'áitigh CANPACK gur léir nach leormhaith leibhéal na mbeart a d'fhorchuir an Coimisiún toisc go raibh leibhéil shealadacha na dleachta cuid mhaith níos airde ná an difríocht idir praghsanna ECCS de thionscnamh an Aontais agus na Síne. Dar le CANPACK, d'eascródh difreáil ollmhór idir na praghsanna a thairgfeadh táirgeoirí ECCS de chuid an Aontais agus na Síne as na bearta, rud a d'fhágfadh an fhéidearthacht go n-ardódh na táirgeoirí an Aontais praghsanna sa bhreis ar a ndearnadh cheana, agus go mbeadh dé-oplacht ann ag an dá tháirgeoir mhóra ECCS san Aontas. Dá dheasca sin, d'eascródh caillteanais airgeadais ar thaobh úsáideoirí ECCS de chuid an Aontais a allmhairíonn ECCS ón tSín as forchur na mbeart. Thairis sin, ba cheart an fíoras a chur san áireamh go mbeidh corrlaigh bhrabúis níos ísle ag úsáideoirí ECCS de chuid an Aontais i ngeall ar fhorchur na ndleachtanna frithdhumpála agus go mbeidh orthu aon mhéadú ar phraghsanna ECCS a thabhairt ar aghaidh do thomhaltóirí (ar tomhaltóirí iad atá ag streachailt le boilsciú ard cheana féin) nó, sa chás ba mheasa, go mbeadh orthu a ngníomhaíochtaí a thréigean fiú.

(215) D'iarr Astir Vitogiannis ar an gCoimisiún na forbairtí a tharla tar éis na tréimhse imscrúdúcháin a mheas freisin agus measúnú á dhéanamh ar leas an Aontais. Chuir sé in iúl, cé go bhforáiltear le hAirteagal 6(1) den bhun-Rialachán *"De ghnáth, ní chuirfear san áireamh faisnéis a bhaineann leis an tréimhse i ndiaidh na tréimhse imscrúdúcháin"*, gur léir gur áitíodh le cásdlí socair Chúirteanna an Aontais nach mbaineann Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán ach amháin leis an measúnú ar dhumpáil agus ar dhíobháil agus nach mbaineann sé leis an measúnú ar leas an Aontais. Ina leith sin, thagair Astir Vitogiannis do chás *Kazchrome* inar dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta *"Nach bhfuil feidhm ag Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán sa chomhthéacs lena gcinntear cé acu a bhfuil leas Comhphobail ann mar a bheartaítear in Airteagal 21(1) den bhun-Rialachán nó nach bhfuil, rud a chiallaíonn go bhféadfar faisnéis a bhaineann le tréimhse tar éis na*

tréimhse imscrúdúcháin a chur san áireamh chun na gcríoch sin" ([23]) agus do chás *CPME* inar chinn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil *"réamhaisnéis bunaithe ar hipitéisí maidir le forbairtí amach anseo, lena n-áirítear breithmheas ar staideanna eacnamaíocha casta"* ([24]) *i gceist le measúnú ar leas an Aontais*. Ar dhóigh níos sonraí, mhaígh Astir Vitogiannis gurbh amhlaidh le linn na tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, gur mhéadaigh tionscal an Aontais a phraghsanna díola beagnach 100 %, cé nár méadaíodh an costas ach de bheagán i gcomparáid leo, rud a d'fhág corrlaigh bhrabúis shláintiúla láidre de réir na dtorthaí airgeadais ba dhéanaí a thuairiscigh na gearánaithe iad féin.

(216) Bhreithnigh an Coimisiún na hargóintí uile thuas go cúramach, lena n-áirítear iad siúd a bhain leis na forbairtí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. I ndáil le leibhéal na bpraghsanna tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, thug an Coimisiún dá aire gur deimhin gur méadaíodh praghsanna ach nach raibh aon fhianaise ar fáil dó lenar taispeánadh gur struchtúrach a bhí na praghsanna níos airde sin. Os a choinne sin, a mhalairt a bhí i gceist, maidir le praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann, shuigh an Coimisiún, tar éis a mbuaicphointe tosaigh sa tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin agus go háirithe i mí Feabhra, gur thosaigh praghsanna allmhairiúcháin ar dhul síos, go díreach roimh an tréimhse réamhnochta agus lena linn freisin ([25]) d'ainneoin an fhógra faoi fhorchur dleachtanna sealadacha a bheith ar na bacáin. I ndáil leis na saincheisteanna soláthair líomhnaithe ar mhargadh an Aontais, agus na leasanna éagsúla á meá aige, ní raibh an Coimisiún cinnte dearfa go raibh na saincheisteanna sin sách mór agus fairsing chun amhras a chaitheamh ar leibhéal na mbeart nó ar iad a bheith ann ar chor ar bith. Ina leith sin, thug an Coimisiún an ráiteas ó thionscal an Aontais dá aire, lenar sonraíodh go bhfuil an cothromú idir soláthar agus éileamh ag aistriú i bhfabhar cheannaitheoirí ECCS agus praghsanna ag dul síos cheana féin, mar a thaispeántar le forbairt phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Thug an Coimisiún dá aire freisin ullmhacht thionscal an Aontais chun díolacháin onnmhairí a atreorú chuig margadh an Aontais chun aon bharrachas éilimh a shásamh, mar a tharla cheana féin roimhe seo. Thairis sin, i bhfianaise mhoilliú an gheilleagair lena raibh coinne sa chuid atá fágtha de 2022 agus 2023 ([26]), níl coinne le méadú eile ar phraghsanna ná ar éilimh. Mheabhraigh an Coimisiún freisin go sonraítear le hAirteagal 21(1) den bhun-Rialachán "go dtabharfar aird speisialta ar an ngá le fáil réidh leis na héifeachtaí saofa a bhíonn ag dumpáil dhíobhálach ar thrádáil, agus ar iomaíocht éifeachtach a thabhairt ar ais". Ina leith sin, thug an Coimisiún dá aire nach ndearna na húsáideoirí cás dochloíte go ndéanfadh an leibhéal beart a shamhlaítear difear sách mór dá mbrabúsacht agus dá n-oibríocht go bhfágfaí gur thábhachtaí iad siúd ná an gá na bearta a fhorchur chun na héifeachtaí saofa a chosc mar aon leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais lena raibh na hallmhairí dumpáilte ina cúis. Go deimhin, mar a mhínítear in aithris (265) den Rialachán sealadach, bunaithe ar shonraí Eviosys, an t-aon úsáideoir a sholáthair freagra ar cheistneoir, ba chosúil go mbeadh sé in ann méadú féideartha ar an gcostas a ionsú nuair a chuirtear san áireamh a bhrabúsacht reatha ó dhíolacháin táirgí a úsáideann ECCS agus sciar na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ina phunann foinsiúcháin. Níor caitheadh aon amhras ar an gconclúid sin tar éis an fhoilsithe shealadaigh. Níor chinn an Coimisiún dá bhrí sin gurbh é an chiall a bhain leis na forbairtí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin gur mhíchuí na bearta a fhorchur, ag féachaint do na leasanna éagsúla uile atá i gceist.

(217) Tar éis nochtadh deiridh, mhaígh Eurofer gur dhiúltaigh Astir seachadtaí le déanaí agus nár fhiosraigh seachadtaí todhchaíocha féideartha, cé gur tháinig laghdú ar éileamh Eviosys in 2022. Thug an Coimisiún dá aire gurbh iad táirgeoirí an Aontais a sholáthair formhór na fianaise ach níor deimhníodh é sin le hathfhriotail chomhfhreagrais leis na húsáideoirí faoi seach. Dá dheasca sin, ní raibh an Coimisiún in ann an fhianaise bhreise arna soláthar a fhíorú, go háirithe toisc gur cuireadh isteach go déanach le linn chúrsa na n-imeachtaí í.

(218) Chuir Astir Vitogiannis, mar aon le CISA agus CANPACK tar éis nochtadh deiridh, údair imní in iúl freisin maidir leis na bearta frithdhumpála san fhoirm agus ar an leibhéal a fhorchuirtear leis an Rialachán sealadach, go dtugtar leo cosaint dhíréireach mhíchothrom do dhé-oplacht tháirgeoirí an Aontais atá ann cheana agus go dtreisítear an dé-oplacht sin a thuilleadh leis na bearta, chun dochair fhíor-thromchúisigh d'úsáideoirí agus do phróiseálaithe neamhspleácha. Mhaígh sé thairis sin go bhfágfaidh an méadú ar chostais d'úsáideoirí de chuid an Aontais gur lú go mór a n-iomaíochas i gcomparáid le soláthróirí táirgí atá bunaithe ar ECCS (pacáistiú miotail, coirc chorónacha) i dtríú tíortha nach bhfuil aon bheart frithdhumpála i bhfeidhm acu. Fágfaidh na bearta sin go mbeidh méaduithe suntasacha ar chostais d'úsáideoirí agus do phróiseálaithe chun aimhleasa a mbrabúsachta, ós rud é nach bhfuil siad

([23]) Féach, Cás T-192/08, Cuideachta Thrasnáisiunta 'Kazchrome' agus ENRC Marketing v an Chomhairle, AE:T:2011:619, míreanna. 221-225

([24]) Féach, Cás T-422/13, *Committee of Polyethylene Terephthalate (PET) Manufacturers in Europe* (CPME) agus Eile v. an Chomhairle, AE:T:2017:251, mír 144, ag tagairt do Chás T-132/01, Euroalliages agus Eile v. an Coimisiún, AE:T:2003:189, mír 47.

([25]) Tharla an réamhnochtadh an 25 Aibreán 2022.

([26]) An Coimisiún Eorpach, 'Réamhaisnéis Eacnamaíoch Shamhradh 2022: An t-ionchas ag éirí níos measa mar gheall ar chogadh na Rúise', atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_4511.

in ann na méaduithe sin ar chostais a ionsú iad féin, toisc go ndéanann ECCS cuid mhór de chostas na dtáirgí deiridh (eilimintí de phacáistiú bia agus deochanna, coirc chorónacha, etc.), mhaígh Astir Vitogiannis go bhfuil sé neamhréalaíoch amach is amach go dtabharfaí an méadú ar chostas ar aghaidh ina iomláine níos faide síos an slabhra soláthair, agus thug údar lena mhaíomh le fianaise thacaíochta.

(219) Thairis sin, tá imní ar Astir Vitogiannis, maidir leis na bearta frithdhumpála ar leibhéil chomh hard agus a gcur i bhfeidhm ag an gcéim shealadach cheana féin, go bhfuil úsáideoirí an Aontais i mbaol an-mhór i ngeall air sin a mhéid a bhaineann sé leis na hamhábhair agus na horduithe atá faoi bhealach cheana féin, arb é an staid atá rompu nach mbeidh siad in ann an t-ábhar a allmhairiú i ngeall ar an tionchar airgeadais foircneach agus ar na ráthaíochtaí comhthaobhachta a cheanglaítear le linn an phróisis chustam allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, d'iarr Astir Vitogiannis ar an gCoimisiún na himthosca áirithe sin a mheas agus a áirithiú go ndéanfar bearta chun na drochiarmhairtí a theorannú, ar drochiarmhairtí iad a eascróidh as bearta frithdhumpála sealadacha ar earraí a bhí faoi bhealach.

(220) Mar a mhínítear thuas in aithris (216), bhí na húsáideoirí sin ag brath ar ráitis réasúnta ginearálta agus ní dhearna tionchar na mbeart ar a mbrabúsacht ná ar a marthanacht a chainníochtú ná údar a thabhairt leis an tionchar céanna. Os a choinne sin, mar a mhínítear in aithris (265) den Rialachán sealadach, ba chosúil go mbeadh Eviosys in ann méadú féideartha ar chostas a ionsú, agus ba é Eviosys an t-aon úsáideoir a chuir freagra ar cheistneoir isteach mar aon le sonraí faoi chostais agus faoi bhrabúsacht. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún na héilimh seo.

(221) Chuir Eviosys a chuid údar imní in iúl freisin faoi chur i bhfeidhm comhuaineach na mbeart coimirce agus frithdhumpála, lena ngéaródh a gcomhéifeachtaí ar na táirgí allmhairithe céanna aon iarmhairt dhiúltach a bhainfeadh le gach beart ar úsáideoirí agus ar thomhaltóirí de chuid an Aontais. Thagair Eviosys d'aighneachtaí roimhe inar mhínigh sé maidir leis na bearta coimirce atá i bhfeidhm, in éineacht le forbairtí eile a tharla le déanaí sa mhargadh cruach san Eoraip agus ar feadh an domhain, gur eascair ganntanais shuntasacha i soláthar ECCS san Aontas astu, rud lena ndearnadh dochar do Eviosys agus don tionscal pacáistithe san iomlán. Ní le hallmhairí ón tSín amháin a bhaineann sé sin ach le hallmhairí ó thríú tíortha eile freisin — nach bhfuil cuóta tír-shonrach leithdháilte ar chuid díobh faoi na bearta coimirce fiú. D'easaontaigh Eviosys leis an ráiteas ón gCoimisiún in aithris (250) den Rialachán sealadach *"go bhféadfadh úsáideoirí de chuid an Aontais an táirge faoi imscrúdú a fháil ó thríú tíortha eile"*. De réir Eviosys, má fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí na Síne agus na Brasaíle, ghéaródh bearta den sórt sin staid an tsoláthair theoranta i margadh an Aontais a thuilleadh, go háirithe i bhfianaise leibhéal na ndleachtanna atá á bhforchur ag an gCoimisiún go sealadach, leibhéal a bhí iontach ard ar fad.

(222) Mheabhraigh an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag na bearta frithdhumpála ach amháin más rud é agus a mhéid nach bhfuil allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir na mbeart coimirce. De réir Rialachán (AE) 2019/1382 ([27]), níl aon leigheas dúbailte i bhfeidhm an tráth céanna i leith an táirge céanna. Léireofar an prionsabal sin sa Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair, mar a leagtar amach in aithrisí (262) agus (263) thíos. In aon chás theip ar na páirtithe bunús a thabhairt leis an mbealach a dhéanfadh na bearta le chéile dochar iarbhír dóibh ar bhealach chomh diúltach go bhfágfaí go mbeadh forchur na mbeart frithdhumpála in aghaidh leas an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

(223) Tar éis an nochta shealadaigh agus an nochta deiridh araon, d'easaontaigh CANPACK le toradh an Choimisiúin go bhfuil rogha mhalartach ag úsáideoirí ECCS an Aontais i bhfoirm sholáthairtí ECCS ó thríú tíortha, i bhfianaise go bhfuil na cuótaí taraife coimirce a dheonaítear do thríú tíortha eile níos ísle ná na cuótaí a dheonaítear don tSín, agus go bhfuil siad á n-ídiú i bhfad níos tapúla. Mhaígh CANPACK, contrártha don ráiteas ón gCoimisiún sa Rialachán sealadach, nach raibh praghsanna ECCS de thionscnamh na Seapáine agus na Cóiré Theas sa tréimhse imscrúdúcháin cuid mhaith níos airde ach go raibh siad inchomparáide le meánphraghas allmhairiúcháin na n-allmhairí ón tSín (an tSeapáin EUR 776 (+ 8,5 % i gcomparáid le praghsanna na Síne); An Chóiré Theas EUR 763 (+ 6,7 % i gcomparáid le praghsanna na Síne)), in ainneoin go bhfuil an leibhéal costais sa dá thír sin níos airde ná mar is amhlaidh sa tSín.

([27]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin áirithe agus lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí cruach áirithe atá faoi réir bearta coimirce (IO L 227, 3.9.2019, lch. 1).

(224) Chuir Astir Vitogiannis in iúl freisin go gcuirfidh na dleachtanna frithdhumpála an-ard cosc ar thromlach na n-allmhairí ón tSín agus ón mBrasaíl go héifeachtach agus gan aon soláthar malartach leordhóthanach réalaíoch ann ó thríú tíortha eile agus d'easaontaigh leis an dearbhú ón gCoimisiún go bhfuil an laghdú atá ag teacht ar allmhairí ó thíortha neamh-imscrúdaithe eile, i ngeall ar phraghsanna allmhairiúcháin ón mBrasaíl agus ón tSín a líomhnaítear a bheith íseal agus dumpáilte agus gurb amhlaidh *["In éagmais allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, thiocfadh méadú ar allmhairí ó thríú tíortha eile, ós rud é go mbeadh na praghsanna díolacháin ar mhargadh an Aontais níos tarraingtí"*. De réir Astir Vitogiannis, taispeánann na sonraí atá ar fáil ó Eurostat go bhfuil ardú suntasach tagtha ar phraghsanna allmhairiúcháin ó thíortha neamh-imscrúdaithe (e.g. an Ríocht Aontaithe, an Chóiré Theas) le fíordhéanaí (i.e., tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin) d'ainneoin na bpraghsanna allmhairiúcháin ón mBrasaíl agus ón tSín a líomhnaítear a bheith íseal agus dumpáilte, agus d'ainneoin an fhíorais atá chomh tábhachtach céanna, gur tháinig laghdú ar mhéideanna allmhairiúcháin ó na tíortha neamh-imscrúdaithe sin an tráth céanna. Is léiriú eile é sin nach féidir brath ar allmhairí ó thríú tíortha eile mar chúltaca ráthaithe bailí i gcás allmhairí caillte ón mBrasaíl agus ón tSín. Ar deireadh, d'áitigh Astir Vitogiannis go gceanglaítear próiseas bailíochtaithe agus cáiliúcháin fada, suas le bliain le hallmhairí ó thríú tíortha eile, i ngeall ar a mbíonn i gceist le cineál an ghnó atá i gceist.

(225) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Mar a mhínítear cheana féin in aithrisí (250) den Rialachán sealadach, shuigh an Coimisiún gur tháinig laghdú 23 % ar mhéid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'ainneoin gur tháinig méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann an tráth céanna. In éagmais na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, is dócha go dtiocfadh méadú ar allmhairí ó thríú tíortha eile ós rud é go mbeadh margadh an Aontais níos tarraingtí agus go bhféadfaí praghsanna níos airde a ghearradh. Thairis sin, de réir faisnéise a chuir tionscal an Aontais isteach, thosaigh praghsanna ar dhul in ísle cheana féin i mí na Bealtaine 2022, rud mar a mhínítear in aithris (216), a bhí deimhnithe le praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann freisin; bhí an chothromaíocht ag aistriú i bhfabhar na gceannaitheoirí, agus in aon chás, tá siad réidh le cuid de na díolacháin onnmhairí a atreorú chun soláthairtí a chur ar fáil do cheannaitheoirí san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh seo.

(226) Tar éis nochtadh sealadach agus nochtadh deiridh, d'áitigh CISA maidir leis an mbrú boilscitheach atá i ngeilleagar an Aontais faoi láthair, in éineacht leis an mbrú ar shlabhraí soláthair agus le hinfhaighteacht theoranta an táirge lena mbaineann agus a chuid amhábhar i ngeall ar fhorbairtí geopholaitiúla, mar aon leis na bristeacha fíor-thromchúiseacha ar shlabhraí soláthair an domhain, gur cheart go spreagfadh sé sin ar fad an Coimisiún chun na bearta a thréigean nó ar a laghad iad a chur ar fionraí. Ina theannta sin, d'áitigh CISA agus Rialtas na Síne gur chun bianna stánaithe ísealchostais a tháirgeadh an phríomhúsáid a bhaintear as ECCS, rud ar a mbraitheann an t-uafás tomhaltóirí de chuid an Aontais atá ar na leibhéil ioncaim níos ísle, a bhfuil speansais mhéadaithe ag baint dóibh cheana féin ó thaobh an chostais maireachtála de mar gheall ar an mboilsciú. Thagair CISA agus Rialtas na Síne araon do na barúlacha a chuir Eviosys in iúl i leith ganntanais soláthair ar mhargadh an Aontais freisin agus tharraing cumhacht mhargaidh láidir tháirgeoirí an Aontais anuas, rud a théann chun dochair chumhacht mhargála an tionscail le sruth. Maidir leis sin, thagair siad don chinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena dtoirmisctear comhfhiontar Tata steel agus ThyssenKrupp ([28]).

(227) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ar dtús, thug sé dá aire gur dearbhuithe cineálacha a thug CISA agus nár soláthraíodh aon mhíniú ná aon fhianaise iarbhír ar thionchar na dtosca a luadh ar staid na n-úsáideoirí. Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (266) den Rialachán sealadach maidir leis an éifeacht fhéideartha ar phraghsanna bia, níor thug Eviosys bunús lena mhaíomh chun a léiriú go mbeadh ardú ar phraghsanna pacáistithe bia mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna ECCS agus, i ndeireadh thiar thall, ar mhéadú ar phraghsanna earraí bia, nó go mbeadh na méaduithe féideartha sin i gcomhréir leis an méadú ar phraghsanna ECCS. Thairis sin, ní úsáidtear ECCS ach le haghaidh chinn na gcannaí bia, agus úsáidtear stánphláta, atá níos costasaí, do chorp na cannaí. Dá bhrí sin, ní dócha go ndéanfaidh aon mhéadú féideartha ar phraghsanna ECCS amháin difear suntasach do phraghsanna pacáistithe bia. Níor caitheadh aon amhras ar an gconclúid sin tar éis an nochta shealadaigh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh ó CISA agus ó Rialtas na Síne.

(228) Mar fhocal scoir, thug an Coimisiún dá aire, faoi Airteagal 21(1) den bhun-Rialachán go mbunófar cinneadh maidir le cé acu atá gá le hidirghabháil i ngeall ar leas an Aontais nó nach bhfuil ar aird a thabharfar ar na leasanna éagsúla uile ina n-iomláine. In imscrúdú mar sin, tabharfar aird speisialta ar an ngá le deireadh a chur leis na héifeachtaí saofa a bhíonn ag dumpáil dhíobhálach ar thrádáil, agus ar iomaíocht éifeachtach a thabhairt ar ais.

([28]) Cinneadh ón gCoimisiún i gCás M.8713 – Tata Steel/ThyssenKrupp/JV, 11 Meitheamh 2019, mír 444.

(229) Rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar na maímh agus ar an bhfianaise ar fad i ndáil le leas an Aontais agus d'fhíoraigh cé acu ba léir nó nár léir go mbeadh an chosaint a thugtar do thionscal an Aontais le bearta go soiléir díréireach agus an chosaint sin á cur i gcomparáid le leas na n-úsáideoirí, mar a shonraítear sa roinn seo.

(230) I bhfianaise an phictiúir lena léirítear cúrsaí dumpála agus díobhála go soiléir, ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil údar le bearta cinntitheacha chun é a chur ar a chumas do tháirgeoirí an Aontais filleadh ar leibhéil bhrabús inbhuanaithe. Go sonrach, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh tosaíocht ag an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus ag an ngá lena chosaint ó allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann, ar na saincheisteanna a tharraing úsáideoirí anuas. Mar sin féin, i bhfianaise na saincheisteanna ar ar thug na húsáideoirí tuairisc agus na bhforbairtí margaidh tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, mar a mhínítear a thuilleadh in aithris (244) thíos, mheas an Coimisiún cur i bhfeidhm foirme dleachtanna a bheadh níos oiriúnaí do na forbairtí sin.

(231) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún an chonclúid shealadach nach bhfuil aon chúis dhochloíte leordhóthanach ann ó thaobh leas an Aontais de faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán in aghaidh na bearta cinntitheacha a fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann.

7.2.3. An chonclúid ar leas an Aontais

(232) I bhfianaise an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún an chonclúid in aithris (274) den Rialachán sealadach nach raibh aon chúis dhochloíte ann nach raibh sé chun leasa an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí ECCS de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

8.1. **Bearta cinntitheacha**

(233) I bhfianaise na gconclúidí ar ar thángthas maidir leis an dumpáil, an díobháil, leis an gcúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais le hallmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

(234) Agus an cur chuige céanna á leanúint a mhínítear in aithris (278) den Rialachán sealadach, bhí an dleacht chinntitheach do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte eile i nDaon-Phoblacht na Síne bunaithe ar an meánchorrlach dumpála ualaithe mar atá leagtha síos thuas don dá chuideachta sampláilte i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a bhí, contrártha don chéim shealadach, níos ísle ná an meánchorrlach díobhála ualaithe.

(235) Tar éis na soiléirithe agus na gceartúchán a rinne an Coimisiún an 16 Meán Fómhair 2022, shonraigh CISA ina bharúil go raibh sé fós míshoiléir cé acu a bhí nó nach raibh an dleacht sheasta do chuideachtaí comhoibríocha eile bunaithe ar an gcorrlach dumpála nó ar an gcorrlach díobhála a cinneadh do na cuideachtaí sin. Ina theannta sin, d'athdhearbhaigh sé a argóint nach ndearna an Coimisiún cinntí maidir le hamhábhair do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte. Dá thoradh sin, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagail 7(2a) ná 7(2b) den bhun-Rialachán maidir leis na cuideachtaí sin.

(236) Shoiléirigh an Coimisiún go raibh an dleacht chinntitheach do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte bunaithe ar an meánchorrlach dumpála ualaithe a bhí níos ísle ná an meánchorrlach díobhála ualaithe a suíodh. Thairis sin, mheas an Coimisiún gurbh ionadaíoch sampla na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne agus, mar a cuireadh in iúl in aithris (16) den Rialachán sealadach, níor chuir aon pháirtí in aghaidh an tsampla roghnaithe ná níor thug aon pháirtí barúil ina leith fiú. Dá dheasca sin, measadh gurbh ionadaíoch do na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte na torthaí do na cuideachtaí sampláilte, lena n-áirítear maidir le hAirteagail 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán le haghaidh Jintai. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí na torthaí sin a chur san áireamh agus meánmhéid ualaithe díobhála agus corrlaigh dhumpála na gcuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte á ríomh ar bhonn an dá chuideachta shampláilte. Dhiúltaigh sé mar sin don mhaíomh sin.

(237) Mar a mhínítear in aithrisí (279) agus (280) den Rialachán sealadach, i bhfianaise leibhéal íseal an chomhair ó tháirgeoirí sa PRC agus ós rud é go raibh an leibhéal dleachta le haghaidh Jintai bunaithe ar an gcorrlach dumpála a aimsíodh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, bhí leibhéal na dleachta ar fud na tíre bunaithe ar na corrlaigh dumpála is airde a fuarthas de réir cineálacha táirgí a dhíolann Jintai i gcainníochtaí ionadaíocha. Ní raibh ar an gCoimisiún ríomh a dhéanamh ar an tearcdhíol ná ar na corrlaigh díobhála maidir le cuideachtaí neamh-chomhoibríocha i ngeall ar na torthaí de shaobhadh amhábhar faoi Airteagal 7(2a).

(238) Maidir leis an mBrasaíl, bhí an comhar ard agus dá thoradh sin, socraíodh an dleacht iarmharach ar an leibhéal céanna leis an leibhéal is infheidhme maidir le Companhia Siderúrgica Nacional.

(239) Ag an gcéim shealadach, rinne an Coimisiún dleachtanna *ad valorem* a fhorchur. Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr CSN, Eviosys, Baosteel agus Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Gréige ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm praghais allmhairiúcháin íosta ("MIP") in ionad dleachtanna *ad valorem*. Mhaigh CSN go gceadófar le MIP do tháirgeoirí an Aontais téarnamh ó éifeachtaí na dumpála díobhálaí líomhnaithe agus ag an am céanna, cosc a chur ar aon éifeacht dhíobhálach maidir le méaduithe praghais míchuí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin a bhféadfadh tionchar suntasach diúltach a bheith acu ar ghnó na n-úsáideoirí. Dhéanfadh MIP freastal ar chúiseanna imní na n-úsáideoirí freisin agus eagla orthu faoi ghanntanas an táirge lena mbaineann agus chuirfeadh sé cosc ar shuaitheadh tromchúiseach maidir le soláthar mhargadh an Aontais.

(240) Rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh sin agus mheas sé nach foirm iomchuí dleachtanna é MIP toisc gur gnách leis an praghas a shocrú ar leibhéil sheasta agus mar sin d'fhéadfadh sé cur isteach ar an margadh ar bhealach níos láidre. D'fhéadfadh sé sin a bheith achrannach go háirithe sa chás atá faoi chaibidil ina bhfuil líon beag táirgeoirí de chuid an Aontais sa mhargadh. Ina theannta sin, is minic nach foirm iomchuí dleachta é MIP le haghaidh margaí atá faoi réir luaineachta (e.g. luaineacht praghsanna amhábhar), rud a bhaineann le táirgí cruach. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarrataí seo.

(241) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Eviosys agus Baosteel a n-iarraidh MIP a chur i bhfeidhm. Thacaigh CANPACK leis an iarraidh sin. Ina theannta sin, mhol Eviosys gur cheart MIP a bheith infheidhme, in éineacht le dleacht *ad valorem* a bhíonn infheidhme nuair nach n-urramaítear an MIP, don chéad 2 bhliain de na bearta a bheith á gcur i bhfeidhm a gcuirfí dleacht sheasta in ionad an MIP go huathoibríoch tar éis sin. Thug Eviosys údar lena iarraidh ar bhonn imthosca eisceachtúla maidir le hinfhaighteacht sholáthairtí an táirge lena mbaineann ó tháirgeoirí an Aontais a mheas sé a bheidh réitithe laistigh den 2 bhliain ina dhiaidh sin. Thairis sin, rinne sé tagairt do roinnt Rialachán roimhe sin ([29]) inar athraigh an Coimisiún na dleachtanna chuig MIP chun leasanna na n-úsáideoirí a chosaint agus chun ganntanais soláthair a chosc. Ina theannta sin, rinne sé tagairt d'imscrúduithe roimhe sin ina raibh fad na mbeart frithdhumpála teoranta do 2 bhliain mar gheall ar imthosca eisceachtúla margaidh ([30]).

(242) Tar éis an nochta deiridh, thacaigh Eurofer le torthaí an Choimisiúin nach mbeadh MIP ina dhleacht frithdhumpála iomchuí san imscrúdú faoi chaibidil mar gheall ar an méadú géar ar chostais táirgthe le haghaidh ECCS le déanaí, rud a mbíonn tionchar aige ar phraghas díolacháin ECCS. Dá bhrí sin, ní thabharfadh MIP faoiseamh sásúil don tionscal. Thairis sin, bhí an cás sin difriúil go maith ó imscrúduithe roimhe sin inar cuireadh MIP i bhfeidhm, agus is furasta MIPanna a shárú nó a ionsú.

(243) Bhreathnaigh an Coimisiún nár chuir Eviosys ná Baosteel aon fhaisnéis nó aon fhianaise nua isteach mar thaca lena n-iarrataí athdhearbhaithe ar MIP a fhorchur. Dá bhrí sin, bhí na torthaí ar thángthas orthu in aithris (240) thuas fós bailí. Ina theannta sin, níor sholáthair Eviosys aon fhianaise mar thaca lena mhaíomh go mbeadh MIP ní b'iomchuí ná an dleacht sheasta a mhol an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas sealadach soláthair líomhnaithe. Ina theannta sin, ceistíodh an ganntanas sealadach soláthair líomhnaithe, i bhfianaise na n-aighneachtaí ó thionscal an Aontais go leanfaidh sé ag díol cainníochtaí leordhóthanacha den táirge lena mbaineann. Ar deireadh, fiú dá dtarlódh an ganntanas líomhnaithe soláthair, níor thug aon ní ar an gcomhad le fios gurbh í an tréimhse 2 bhliain chun MIP a fhorchur an uirlis iomchuí agus chomhréireach chun aghaidh a thabhairt ar

([29]) I measc cinn eile, bhain na himscrúduithe sin le hallmhairí táirgí cothromrollta dírithe ar ghráinní déanta as cruach sileacan-leictreach ón tSín, ón Rúis, ón gCóiré, ón tSeapáin agus ó SAM, táirgí cothroma teorollta ón mBrasaíl, ón Iaráin, ón Rúis agus ón Úcráin, mealaimín ón tSín agus gloine ghréine ón tSín. Chun liosta iomlán a fháil féach lgh. 4-5 d'aighneacht Eviosys dar dáta an 13 Meán Fómhair 2022.

([30]) Idem, féach lgh. 6-7.

an nganntanas sin. A mhéid a bhaineann leis na Rialacháin roimhe sin dá dtagraíonn Eviosys maidir le MIP a fhorchur, mheabhraigh an Coimisiún gur ar bhonn cás ar chás a dhéantar an measúnú i dtaobh cibé an bhfuil sé iomchuí nó nach bhfuil MIP a fhorchur agus braitheann sé ar imthosca áirithe gach cáis. Sa chás atá faoi chaibidil, ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris (240) thuas, is é sin nach dtugann an MIP ach leibhéal bunúsach cosanta nach bhfuil leordhóthanach sa chás seo i bhfianaise thorthaí soiléire na dumpála agus na díobhála, agus i bhfianaise choinníollacha deacra agus luaineacha an mhargaidh atá ann faoi láthair, measadh nach mbeadh MIP oiriúnach mar bheart frithdhumpála. Maidir leis na tagairtí do Rialacháin roimhe sin ina raibh fad foriomlán na mbeart frithdhumpála faoi seach teoranta do 2 bhliain, ní fhaca an Coimisiún a n-ábharthacht toisc nár bhain siad ach le fad foriomlán na mbeart agus ní an t-athrú ar a bhfoirm tar éis roinnt blianta dá gcur i bhfeidhm mar a mhol Eviosys. Ina theannta sin, mar a luaigh Eviosys é féin, i ngach ceann de na Rialacháin sin bhain an réasúnaíocht maidir le fad na mbeart a theorannú go han-sonrach le himthosca fíorasacha an imscrúdaithe áirithe sin agus bhí difríochtaí substaintiúla eatarthu. Dá dheasca sin, mheas an Coimisiún gur bhain na Rialacháin a luadh le cásanna éagsúla seachas an cás faoi chaibidil. I bhfianaise na mbreithniúchán thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na hiarrataí sin.

(244) I ndáil le foirm na mbeart, i bhfianaise luaineacht na bpraghsanna ECCS tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin, a mhéadaigh beagnach faoi dhó, bhreithnigh an Coimisiún dleacht sheasta in aghaidh an tonna a chur i bhfeidhm in ionad dleachtanna *ad valorem*. Cheadódh dleacht sheasta nó shonrach tionscal an Aontais a chosaint ar allmhairí dumpáilte díobhálacha ó na tíortha lena mbaineann, agus ní bheadh sí chomh costasach céanna i gcomparáid le dleacht *ad valorem* i gcás méadú ar phraghsanna, toisc go laghdaítear a meáchan go suntasach i gcás den sórt sin.

(245) Beidh an dleacht sheasta bunaithe ar an bpraghas neamh-dhíobhálach nó neamh-dhumpáilte faoi seach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(246) Dá n-athrófar praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann go suntasach agus dá mba rud é gur athrú marthanach é sin agus nach mbeadh na bearta frithdhumpála chomh héifeachtach céanna, meabhraíonn an Coimisiún do na páirtithe go gceadófaí le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán don Choimisiún na hathruithe marthanacha sin a chur san áireamh chun na bearta a oiriúnú, b'fhéidir, de réir na gcúinsí nua, lena n-áirítear ach a bhfoirm a athrú.

(247) Tar éis an nochta deiridh, bhí fadhb ag Eurofer leis an dleacht sheasta a beartaíodh agus iad ag áitiú gur thug forbairtí sa tréimhse tar éis an imscrúdaithe údar cuí le cur i bhfeidhm dleachta *ad valorem*. Mhaigh sé go háirithe go bhfuil ardú as cuimse tagtha ar phraghsanna gáis agus leictreachais san Aontas agus go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú breise orthu go luath amach anseo. Thairis sin, níl an treocht chéanna ardaithe ag praghsanna fuinnimh sa Bhrasaíl agus i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a cheadódh na hallmhairí ó na tíortha sin teacht isteach san Aontas ar phraghsanna ísle. Dá dheasca sin, d'áitigh Eurofer gur gá dleachtanna *ad valorem* chun cosaint leordhóthanach thionscal an Aontais a áirithiú i bhfianaise leibhéal ard leanúnach na bpraghsanna ECCS. Ar deireadh, de bharr nach mbeidh aon bhuaicphointí neamhghnácha eile ag leibhéal na bpraghsanna ECCS, níl aon riosca ann go mbeadh dleachtanna *ad valorem* ró-chostasach.

(248) D'admhaigh an Coimisiún gur cinnte go bhfuil ardú tagtha ar phraghsanna fuinnimh. Mar sin féin, ní dhearnadh aon mhaíomh agus níor soláthraíodh aon fhianaise nach mbeadh na táirgeoirí ECCS in ann a gcuid praghsanna a ardú agus a gcostais mhéadaithe fhoriomlána a chur ar aghaidh chuig na húsáideoirí agus conas a bheadh dleacht sheasta seachas dleacht *ad valorem* difriúil ina leith sin. Mar an gcéanna, níor soláthraíodh aon fhianaise go gcuirfeadh na dleachtanna seasta a ríomhadh ar an bpraghas neamh-dhumpáilte nó neamh-dhíobhálach faoi seach a aimsíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin cosc ar thionscal an Aontais ar théarnamh ón díobháil a fulaingíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An tráth céanna, mar a d'admhaigh Eurofer, cé go bhféadfadh sé go mbeadh a mbuaicphointe bainte amach ag praghsanna sa tréimhse ó mhí Feabhra go mí Bealtaine 2022 agus go bhfuil laghdú tagtha orthu ón mbuaicphointe sin, bhí praghsanna fós i bhfad níos airde ná leibhéil praghsanna na tréimhse imscrúdúcháin tar éis na tréimhse sin freisin. Sna himthosca sin dheimhnigh an Coimisiún a chonclúidí in aithris (244) thuas go n-áiritheofar leis an dleacht sheasta tionscal an Aontais a chosaint ar allmhairí dumpáilte díobhálacha ó na tíortha lena mbaineann, ach an tráth céanna tugadh aghaidh ar chúiseanna imní na n-úsáideoirí i ndáil leis na praghsanna arda a mhéid is féidir. Ar aon chuma, mar a léirítear in aithris (246) thuas, dá n-athrófar praghsanna ó na tíortha lena mbaineann go suntasach agus dá mba rud é gur athrú marthanach é sin agus nach mbeadh na bearta frithdhumpála chomh héifeachtach céanna, is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal agus/nó ar fhoirm na mbeart.

(249) Tar éis an nochta deiridh, thairg an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Brasaíle CNS gealltanas i dtaca le praghsanna an 13 Meán Fómhair 2022. Ós rud é go bhfuarthas an tairiscint sin i bhfad tar éis an sprioc-ama a leagadh síos le hAirteagal 8 den bhun-Rialachán, dhiúltaigh an Coimisiún don tairiscint ar na forais gur cuireadh isteach go ródhéanach í. Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas faoi sin trí nóta leis an gcomhad.

(250) Ar bhonn a bhfuil thuas, rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí, arna sloinneadh mar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ba cheart iad a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (EUR/tona)
Daon-Phoblacht na Síne	Baoshan Iron & Steel Co., Ltd.	30,7 %	33,9 %	30,7 %	239,82
	Handan Jintai Packing Material Co., Ltd.	53,9 %	53,9 %	53,9 %	428,37
	Cuideachtaí comhoibríocha eile: GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd. Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	34,6 %	37,6 %	34,6 %	271,01
	Gach cuideachta eile	77,9 %	77,9 %	77,9 %	607,98
An Bhrasaíl	Companhia Siderúrgica Nacional	66,8 %	53,2 %	53,2 %	348,39
	Gach cuideachta eile	66,8 %	53,2 %	53,2 %	348,39

(251) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn an imscrúdaithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(252) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([31]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(253) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór don sonrasc a bheith i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

([31]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg. Seoladh ríomhphoist: TRADE-Defence-Complaints@ec.europa.eu

(254) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má sholáthraítear sonrasc a chomhlíonann na riachtanais go léir a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé, ar nós i ngach cás eile, go n-éileoidh siad doiciméid bhreise (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun críocha cruinneas na sonraí sa dearbhú a dheimhniú agus chun a áirithiú go bhfuil údar maith le an ráta dleachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, i gcomhréir le dlí custaim.

(255) Dá dtarlódh sé go dtiocfadh méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí de chuid ceann de na cuideachtaí a bhaineann tairbhe as na rátaí dleachta aonair níos ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí méadú i méid mar sin a mheas ann féin mar athrú i bpatrún na trádála de bharr fhorchur na mbeart laistigh de shainmhíniú Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé imscrúdú frith-imchéimnithe a thionscnamh, ar choinníoll go bhfuil na dálaí sin chun déanamh amhlaidh á gcomhlíonadh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí scrúdú san imscrúdú seo, *inter alia*, ar an ngá atá le ráta(í) dleachta aonair a bhaint agus forchur dleachta ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

(256) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach freisin maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

8.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(257) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a suíodh agus leibhéal na díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, na méideanna a fuarthas leis na dleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach, ba cheart iad a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a leagtar amach faoin Rialachán seo.

9. **ÉILIMH AR FHIONRAÍOCHT**

(258) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh Astir Vitogiannis, Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Gréige, Baosteel agus CISA gur cheart na bearta a chur ar fionraí de réir Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán. Tar éis an fhoilsithe deiridh, rinne CSN agus CISA na maímh chéanna. Thagair CISA do ghlaonna poiblí de chuid VDMA, Comhlachas Thionscal Innealtóireachta Meicniúla na Gearmáine agus na hEorpa, agus de chuid Orgalim, comhlachas ionadaíoch an Aontais le haghaidh thionscail teicneolaíochta an Aontais freisin, agus d'iarr an bheirt acu ar an Aontas dleachtanna leigheasanna trádála ar tháirgí cruach a chur ar fionraí de bharr ionsaí míleata Chónaidhm na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Mar sin féin, níor bhain aon cheann de na hairteagail dá dtagraítear go háirithe le ECCS ná le staid an mhargaidh don táirge nideoige áirithe sin.

(259) Níor mhínigh Baosteel a thuilleadh cén fáth ar ghá fionraíocht. Thagair CISA agus CSN do mhéaduithe praghais na tréimhse tar éis an imscrúdaithe, don bhrú ar shlabhraí soláthair agus d'infhaighteacht theoranta ECCS agus a amhábhair de bharr forbairtí geopholaitiúla le déanaí.

(260) D'áitigh Astir Vitogiannis go bhfuil infhaighteacht theoranta ECCS ann agus nach n-atosóidh an díobháil toisc go líomhnaítear nach bhfuil tionscal an Aontais díobhálaithe a thuilleadh bunaithe ar thorthaí foriomlána dearfacha an dá tháirgeoir de chuid an Aontais. Níor thagair Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Gréige ach do na hathruithe ar an margadh a bhí sealadach agus nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i dtéarmaí praghsanna an-arda sa tréimhse tar éis an imscrúdaithe.

(261) Mar fhreagra air sin, mheabhraigh an Coimisiún a thorthaí a leagadh amach cheana i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar leas an Aontais. Go háirithe, mar a luadh in aithrisí (216) agus (225), thosaigh praghsanna ag titim. Ina theannta sin, agus i bhfianaise mhoilliú an gheilleagair lena raibh coinne sa chuid atá fágtha de 2022 agus 2023, níl coinne le méadú eile ar phraghsanna agus ar éilimh. I bhfianaise na dtorthaí ar mhéid na dumpála díobhálaí de bharr na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ní raibh aon fhianaise ann ach oiread go raibh athrú sealadach tagtha ar dhálaí an mhargaidh a mhéid nach dócha go ndéanfaí díobháil do thionscal an Aontais ar feadh 9 mí dá n-atosófaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann láithreach. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún nach raibh sé iomchuí na maímh maidir leis na bearta a chur ar fionraí a bhreithniú a thuilleadh an tráth seo.

10. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(262) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([32]), d'fhorchuir an Coimisiún beart cosanta i leith táirgí áirithe cruach go ceann tréimhse 3 bliana. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([33]), cuireadh síneadh leis an mbeart cosanta go dtí an 30 Meitheamh 2024. Tá an táirge lena mbaineann ar cheann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Dá dheasca sin, ón uair a shárófaí na cuótaí taraife a leagtar amach faoin mbeart cosanta, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála araon iníoctha ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh den sórt sin de bhearta frithdhumpála le bearta cosanta a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá inmhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta thuas don táirge lena mbaineann a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta cosanta.

(263) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina dtiocfaidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 chun bheith infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus i gcás ina sáróidh sé leibhéal na dleachta frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta cosanta agus frithdhumpála, cuirfear bailiú na ndleachtanna a forchuireadh de bhun an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo ar fionraí. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge lena mbaineann agus ina mbeidh sí socraithe ag leibhéal níos ísle ná leibhéal na dleachta frithdhumpála sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an leibhéal is airde de leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh í ar fionraí.

(264) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2018/1046 ([34]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(265) Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú ag Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, iad plátáilte nó brataithe le hocsaídí cróimiam, sin nó le cróimiam agus ocsaídí cróimiam, arna n-ainmniú freisin mar tháirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch, atá faoi láthair faoi chóid AC 7210 50 00 agus 7212 50 20 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle iad.

2. Is mar a leanas a bheidh ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos:

([32]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce chinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 225 I, 25.6.2021, lch. 1).

([34]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (EUR/tona)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Baoshan Iron & Steel Co., Ltd.	239,82	C039
	Handan Jintai Packing Material Co., Ltd.	428,37	C862
	Cuideachtaí comhoibríocha eile: GDH Zhongyue (Zhongshan) Tinplate Industry Co., Ltd. Shougang Jingtang United Iron & Steel Co., Ltd.	271,01	C137
	Gach cuideachta eile	607,98	C999
An Bhrasaíl	Companhia Siderúrgica Nacional	348,39	C212
	Gach cuideachta eile	348,39	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis a eiseoidh an sonrasc sin, a shainaithneofar le hainm agus le feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "*Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.*" Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([35]), déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais atá iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna a urraíodh tríd an dleacht frithdhumpála shealadach faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle , baileofar na méideanna sin go cinntitheach. Scaoilfear na méideanna a urraíodh atá níos mó ná rátaí cinntitheacha an dleachta frithdhumpála.

Airteagal 3

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir meánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021);

(b) ní baineann sé le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo; agus

([35]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonracha maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558)

(c) tá an táirge lena mbaineann onnmhairithe aige go cnó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 4

1. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 infheidhme maidir le táirgí cruach crómbhrataithe leictrealaíoch, dá dtagraítear in Airteagal 1(1), baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an leibhéal is airde de leibhéal comhionann *ad valorem* na dleachta frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2).

2. Cuirfear an chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhír 1 ar fionraí.

3. Beidh na tréimhsí fionraíochta dá dtagraítear i mír 2 teoranta ó thaobh ama do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán (AE) 2019/159.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN